07

Environmental Protection Agency
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Is í an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) comhlachta reachtúil a chosnaíonn an comhshaol do mhuintir na tíre go léir. Rialaímid agus déanaimid maoirsiú ar ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh truailliú a chruthú murach sin. Cinntímid go bhfuil eolas cruinn ann ar threochtaí comhshaoil ionas go nglactar aon chéim is gá. Is iad na príomh-nithe a bhfuilimid gníomhach leo ná comhshaol na hÉireann a chosaint agus cinntiú go bhfuil forbairt inbhuanaithe.

Is comhlacht poiblí neamhspleách í an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) a bunaíodh i mí Iúil 1993 faoin Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 1992. Ó thaobh an Rialtais, is í an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil a dhéanann urraíocht uirthi.

ÁR bhFREAGRACHTAÍ

CEADÚNÚ

Bíonn ceadúnais á n-eisiúint againn i gcomhair na nithe seo a leanas chun a chinntiú nach mbíonn astuithe uathu ag cur sláinte an phobail ná an comhshaol i mbaol:

- áiseanna dramhaíola (m.sh., líonadh talún, loisceoirí, stáisiúin aistrithe dramhaíola);
- gníomhaíochtaí tionsclaíocha ar scála mór (m.sh., déantúsaíocht cógaisíochta, déantúsaíocht stroighne, stáisiúin chumhachta); diantalmhaíocht;
- úsáid faoi shrian agus scaoileadh smachtaithe Orgánach Géinathraithe (GMO);
- mór-áiseanna stórais peitreail.

FEIDHMIÚ COMHSHAOIL NÁISIÚNTA

- Stiúradh os cionn 2,000 iniúchadh agus cigireacht de áiseanna a fuair ceadúnas ón nGníomhaireacht gach bliain.
- Maoirsiú freagrachtaí cosanta comhshaoil údarás áitiúla thar sé earnáil – aer, fuaim, dramhaíl, dramhuisce agus caighdeán uisce.
- Obair le húdaráis áitiúla agus leis na Gardaí chun stop a chur le gníomhaíocht mhídhleathach dramhaíola trí comhordú a dhéanamh ar líonra forfheidhmithe náisiúnta, díriú isteach ar chiontóirí, stiúradh fiosrúcháin agus maoirsiú leigheas na bhfadhbanna.
- An dlí a chur orthu siúd a bhriseann dlí comhshaoil agus a dhéanann dochar don chomhshaol mar thoradh ar a ngníomhaíochtaí.

MONATÓIREACHT, ANAILÍS AGUS TUAIRISCIÚ AR AN GCOMHSHAOL

- Monatóireacht ar chaighdeán aeir agus caighdeáin aibhneacha, locha, uiscí taoide agus uiscí talaimh; leibhéil agus sruth aibhneacha a thomhas.
- Tuairisciú neamhspleách chun cabhrú le rialtais náisiúnta agus áitiúla cinntí a dhéanamh.

RIALÚ ASTUITHE GÁIS CEAPTHA TEASA NA HÉIREANN

- Cainníochtú astuithe gáis ceaptha teasa na hÉireann i gcomhthéacs ár dtiomantas Kyoto.
- Cur i bhfeidhm na Treorach um Thrádáil Astuithe, a bhfuil baint aige le hos cionn 100 cuideachta atá ina mór-ghineadóirí dé-ocsaíd charbóin in Éirinn.

TAIGHDE AGUS FORBAIRT COMHSHAOIL

- Taighde ar shaincheisteanna comhshaoil a chomhordú (cosúil le caighdéan aeir agus uisce, athrú aeráide, bithéagsúlacht, teicneolaíochtaí comhshaoil).

MEASÚNÚ STRAITÉISEACH COMHSHAOIL

- Ag déanamh measúnú ar thionchar phleananna agus chláracha ar chomhshaol na hÉireann (cosúil le pleananna bainistíochta dramhaíola agus forbartha).

PLEANÁIL, OIDEACHAS AGUS TREOIR CHOMHSHAOIL

- Treoir a thabhairt don phobal agus do thionscal ar cheisteanna comhshaoil éagsúla (m.sh., iarratais ar cheadúnais, seachaint dramhaíola agus rialacháin chomhshaoil).
- Eolas níos fearr ar an gcomhshaol a scaipeadh (trí cláracha teilifíse comhshaoil agus pacáistí acmhainne do bhunscoileanna agus do mheánscoileanna).

BAINISTÍOCHT DRAMHAÍOLA FHORGHNÍOMHACH

- Cur chun cinn seachaint agus laghdú dramhaíola trí chomhordú An Chláir Náisiúnta um Chosc Dramhaíola, lena n-áirítear cur i bhfeidhm na dTionscnamh Freagrachta Táirgeoirí.
- Cur i bhfeidhm Rialachán ar nós na treoracha maidir le Trealamh Leictreach agus Leictreonach Caite agus le Srianadh Substaintí Guaiseacha agus substaintí a dhéanann ídiú ar an gcrios ózóin.
- Plean Náisiúnta Bainistíochta um Dramhaíl Ghuaiseach a fhorbairt chun dramhaíl ghuaiseach a sheachaint agus a bhainistiú.

STRUCHTÚR NA GNÍOMHAIREACHTA

Bunaíodh an Ghníomhaireacht i 1993 chun comhshaol na hÉireann a chosaint. Tá an eagraíocht á bhainistiú ag Bord lánaimseartha, ar a bhfuil Príomhstiúrthóir agus ceithre Stiúrthóir. Tá obair na Gníomhaireachta ar siúl trí ceithre Oifig:

- An Oifig Aeráide, Ceadúnaithe agus Úsáide Acmhainní
- An Oifig um Fhorfheidhmiúchán Comhshaoil
- An Oifig um Measúnacht Comhshaoil
- An Oifig Cumarsáide agus Seirbhísí Corparáide

Tá Coiste Comhairleach ag an nGníomhaireacht le cabhrú léi. Tá dáréag ball air agus tagann siad le chéile cúpla uair in aghaidh na bliana le plé a dhéanamh ar cheisteanna ar ábhar imní iad agus le comhairle a thabhairt don Bhord.

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS CUNTAIS AN EPA DO 2007

© An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 2008

Cé go ndearnadh gach iarracht le cruinneas an ábhair san fhoilseachán seo a chinntiú, ní féidir cruinneas iomlán a ráthú. Ní ghlacann an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ná an t-údar/na húdair le haon fhreagracht ar bith as cailliúint nó damáiste a tharlódh, nó a d'éileofaí gur tharla, mar iarmhairt, i bpáirt nó go hiomlán, ar ghníomhú aon duine nó mainneachtain chun gníomhú aon duine, mar thoradh ar ábhar a fhaightear san fhoilseachán seo. Is féidir an foilseachán iomlán seo nó cuid de a atáirgeadh gan a thuilleadh ceada, ar an gcoinníoll go n-aithnítear an fhoinse.

CLÁR ÁBHAR

Ráiteas an Ard-Stiúrthóra 4

Misean, Fís, Luachanna agus Spriocanna 8

Struchtúr Eagraíochta an EPA 10

Bord Stiúrthóirí an EPA 11

Coiste Comhairleach an EPA 12

Roinn 1

Athbhreithniú Oibríochtaí 13

An Oifig um Aeráid, Cheadúnú agus Úsáid Acmhainní 14

An Oifig um Fhorfheidhmiúchán Comhshaoil 20

An Oifig um Measúnacht Comhshaoil 28

Roinn 2

Eagraíocht Ardfheidhmíochta a Fhorbairt 37

An Oifig Chumasáide agus Seirbhísí Corparáide 38

An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997 45

Aguisín 1

Foilseacháin an EPA 2007 46

Roinn 3

Ráitis Airgeadais 48



RÁITEAS ANÁRD-STIÚRTHÓRA

Fáilte chuig tuarascáil bhliantúil an EPA do 2007. Bhí an EPA an-ghnóthach le linn na bliana 2007 agus tá cur síos sa tuarascáil seo ar na príomhghníomhaíochtaí a bhí ar siúl ag gach Oifig de chuid an EPA le linn an ama sin. Nuair a bhreathnófar siar sna blianta amach romhainn, aithneofar go raibh 2007 ina bliain chinniúnach d'athrú aeráide agus bhí sé seo le feiceáil san obair bhreise a bhí ar siúl ag an EPA sa réimse seo le linn na bliana. Tá feasacht dhomhanda i bhfad níos airde ann anois go bhfuil cónaí orainn i ndomhan ina bhfuil an aeráid ag athrú agus nach bhfuil mórán ama againn le gníomhartha a dhéanamh má táimid chun na hiarmhairtí tubaisteacha féideartha a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar athrú aeráide a sheachaint. Chuidigh dámhachtain Duais Nobel do Phainéal Idir-Rialtasach na NA faoi Athrú Aeráide (IPCC) agus don Seanadóir Al Gore de bharr a gcuid oibre ar athrú aeráide, mar aon le foilsiú 4ú Tuarascáil Mheasúnaithe an IPCC agus cruinniú Creat-Chomhdhála na NA faoi Athrú Aeráide i mBali le feasacht a spreagadh i measc an phobail agus i measc polaiteoirí go bhfuil an scéal seo thar a bheith práinneach.

Ba chloch mhíle shuntasach don EPA in 2007 foilsiú ár straitéise corparáidí nua *2020Vision*. Tá *2020Vision* éagsúil ó straitéisí a d'fhoilsigh an EPA roimhe seo, mar leagann sé amach spriocanna fadtréimhseacha do chomhshaol na hÉireann agus aithníonn sé na bearta a dhéanfaidh an EPA sa mheántréimhse chun go mbeimid ar an mbealach ceart leis na spriocanna sin a bhaint amach. Socraíodh spriocanna in *2020Vision* faoi na ceannteidil seo a leanas: athrú aeráide a shrianadh agus oiriúnú dó, aer glan, acmhainní uisce cosanta, ithir chosanta agus bithéagsúlacht, úsáid inbhuanaithe acmhainní agus comhtháthú agus forfheidhmiú.

Tuigimid go maith san EPA nach muid an t-aon eagraíocht amháin le freagrachtaí maidir le caomhnú an chomhshaoil in Éirinn agus go mbeidh comhoibriú agus rannpháirteachas gníomhach a lán eagraíochtaí agus an tsaoránaigh aonair ag teastáil chun na

spriocanna fadtréimhseacha atá leagtha amach in *2020Vision* a bhaint amach. Is ceart, áfach, go mbeifí ag súil leis go léireodh an EPA an cheannasaíocht atá riachtanach chun na saincheisteanna agus na dúshláin atá ann maidir le comhshaol na hÉireann a chaomhnú agus a fheabhsú a leagan amach, agus rinneamar iarracht é sin a dhéanamh agus *2020Vision* á ullmhú againn. Teastaíonn ón EPA comhoibriú anois le heagraíochtaí eile agus le daoine aonair chun dul i ngleic leis na dúshláin atá romhainn maidir le comhshaol na hÉireann a chaomhnú agus a fheabhsú.

Chonaiceamar nuair a bhí *2020Vision* á hullmhú againn gur ghá atheagrú struchtúrtha a dhéanamh ar an EPA. Tá athrú aeráide ar an dúshlán comhshaoil is mó atá le sárú ag an gcine daonna anois agus léirítear é seo sa chaoi a dtugtar tús áite dó i *2020Vision*. Chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le hathrú aeráide, agus chun caoi lom éifeachtach dírithe a bheith againn agus muid tabhairt fúthu, bhunaigh an EPA Aonad um Athrú Aeráide i mí an Mheithimh 2007 trí ghníomhaíochtaí a bhíodh á ndéanamh ar fud na Gníomhaireachta maidir le trádáil astuithe a chumasc leis na réimsí a bhain le fardail, réamh-mheastacháin, taighde aeráide agus leis na réimsí eolaíochta aeir agus aeráide. Is láidre a dhíríonn an EPA anois ar an réimse tábhachtach seo agus ullmhaíonn sé muid do na dúshláin a bheith le sárú againn amach anseo. Tá stór mór eolais á charnadh againn faoi na himpleachtaí atá ag athrú aeráide d'Éirinn de thoradh ár gclár taighde agus tá sé ar chumas an EPA anois ceannaireacht a sholáthar agus faisnéis ardchaighdeáin a chur ar fáil.

Ba mhian linn freisin béim níos treise a leagadh ar gach rud a bhain le cosc ar dhramhaíl agus úsáid acmhainní agus ar an ábhar sin bhunaíomar Aonad um Úsáid Acmhainní. Tá sé seo i gceannas ar an gClár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl agus bainistíonn siad na feidhmeanna faoi fhreagracht an táirgeora, tuairisciú náisiúnta dramhaíola agus pleanáil náisiúnta i leith dramhaíola guaisí. Tá an tAonad um Athrú Aeráide agus an tAonad um Úsáid Acmhainní ina gcuid anois den Oifig um Aeráid, Cheadúnú agus Úsáid Acmhainní.

Tháinig bithéagsúlacht agus cosaint créanna chun cinn mar réimsí tábhachtacha nuair a bhí *2020Vision* á hullmhú. Cé nach í an EPA an príomhghníomhaireacht in Éirinn le dul i ngleic le ceisteanna bithéagsúlachta agus cosaint ithreacha, mar sin féin mheasamar go raibh sé tábhachtach go n-aithneofaí iad mar chuspóirí i *2020Vision* toisc an tábhacht foriomlán atá acu maidir le forbairt inbhuanaithe. Ar an ábhar sin bhunaíomar Aonad nua um Ithreacha agus Bithéagsúlacht chun comhordú a dhéanamh ar obair an EPA sna réimsí sin agus oibriú i ndlúth-chomhpháirtíocht leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus le gníomhaireachtaí agus grúpaí eile a bhfuil baint acu le hithreacha agus bithéagsúlacht a chosaint. Is cuid den Oifig um Mheasúnacht Chomhshaoil an tAonad seo anois.

Tugadh roinnt feidhmeanna nua don EPA i rith 2007. Leagadh an fhreagracht ar an EPA i Márta na bliana 2007 as maoirseacht a dhéanamh ar sholáthar an uisce inólta ag údaráis phoiblí. Réimse freagrachta mór nua é seo don EPA agus ceapadh struchtúir chun an fheidhm seo a chomhlíonadh i rith na bliana 2007. Tugadh an fheidhm seo don EPA timpeall na hama ar tharla ráig de Chripteaspóiridiam i gCathair agus Contae na Gaillimhe. Bhain an EPA úsáid as a cumhachtaí nua chun an fhadhb a réiteach laistigh den tréimhse ama ba ghiorra agus ab fhéidir, agus anois tá ár n-iarrachtaí dírithe ar fheabhas a chur ar na soláthairtí poiblí uisce uile a bhfuil an baol ann nach gcuirfidh siad uisce de chaighdeán ard ar fáil de bharr caomhnú neamhleor na foinse nó cóireáil neamhleor an uisce.

Go déanach in 2007, leagadh an fhreagracht ar an EPA as áiseanna cóireála dramhuisce i gceantair uirbeacha a cheadúnú freisin agus tháinig an chéad bheart iarratas chugainn i mí na Nollag 2007. Rinneadh obair shuntasach sular tugadh na Rialacháin chun críche. Tionóladh seimineáir faisnéise ag láithreáin éagsúla le haghaidh na h-údarás áitiúil agus le haghaidh na n-eagraíochtaí uile eile a bhfuil suim acu ann. Meastar go mbeidh thart ar 480 ceirtleán faoi réir an phróisis cheadúnúcháin.

Tá fás ag teacht i gcónaí ar réimse freagrachta an táirgeora. Déantar rialú ar phacáistíocht, dramhaíl ó earraí leictreacha agus leictreonacha, péinteanna maisiúla, tuaslagóirí agus srianta le húsáid substaintí guaiseacha, trí thionscnaimh um fhreagracht táirgeora agus rialacháin a ndéanann an EPA maoirsiú orthu. Iarradh ar an EPA i 2007 freagracht a ghlacadh freisin as clár rialaithe ceallraí. Lena chois sin iarradh orainn feidhmeanna breise a ghlacadh chugainn maidir le cosaint agus bainistiú uisce toisc go bhfuil Éire ag leanúint ar aghaidh leis na hiarrachtaí rathúla atá ar siúl aici chun An Chreat-treoir Uisce a chur i bhfeidhm.

Rinneamar staidéar i rith na bliana le fáil amach céard iad na hacmhainní a bheadh ag teastáil chun na feidhmeanna nua seo a chur i ngníomh agus ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an gCoiste Comhairleach as ucht cabhrú linn sa phróiseas sin. Sheolamar aighneacht chuig an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil dá bharr sin ina ndearnamar cur síos ar bhfoireann breise a bheadh ag teastáil uainn le cur ar chumas an EPA na feidhmeanna nua seo a chur i ngníomh go héifeachtach.

Tá an EPA ag fás agus ag tiontú ina heagraíocht níos mó agus níos coimpléaisce agus is mian liom deimhin a dhéanamh de go bhfuil na struchtúir rialachais againn a chinnteoidh go gcuirfidh sí seirbhís ardchaighdeáin ar fáil don phobal agus go mbeidh luach a gcuid airgid acu. Mar chuid den chur i bhfeidhm leanúnach ar an *gCód Cleachtais maidir le Rialachas Chomhlachtaí Stáit*, lean an EPA ar aghaidh ag déanamh iniúchtaí inmheánacha faoi mhaoirseacht an Choiste Iniúchta Inmheánaigh. Bunaíodh Coiste Iniúchta Inmheánaigh nua in Eanáir 2007 agus beidh sé in oifig ar feadh tréimhse trí bliana. Thionóil an Coiste 4 chruinniú in 2007 agus rinne iniúchtaí i roinnt réimsí lena n-áirítear aonad na trádála in astúcháin agus géilliúntas an EPA do reachtaíocht chorparáideach. D'fhorbair an Coiste Iniúchta Inmheánaigh agus Bord an EPA Plean Iniúchta Inmheánaigh chun an tréimhse 2008 – 2009 a chlúdach agus glacadh leis. Déanfar iniúchtaí le linn 2008 ar na córais faisnéise, bainistiú teagmhas, ceadúnú agus sócmhainní seasta. Le linn 2007, rinne an EPA athbhreithniú ar reachtaíocht chorparáideach a bhfuil sé de dhualgas uirthi cloí léi de réir an dlí agus thosaigh sí ar chóras a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar ghéilliúntas don reachtaíocht chorparáideach sin.

Tá an EPA tiomnaithe go daingean d'fhorbairt agus oiliúint na foirne agus léirítear an tiomantas seo sa chaoi a n-éiríonn linn go rialta sprioc na hEarnála Poiblí maidir de 4% den phárolla a chaitheamh ar Oiliúint agus Forbairt a bhaint amach nó a shárú. Lean an EPA ar aghaidh le linn 2007 le cur i bhfeidhm an Chláir Forbartha Foirne, arna chomhordú ag foghrúpa de chuid *Meitheal*, Coiste Comhpháirtíochta an EPA. Is é cuspóir an chláir seo cur ar chumas rannpháirtithe na príomhmodhanna oibre agus gníomhaíochta sin a aithint agus a fhorbairt atá riachtanach chun lánchumas a bhaint amach sna róil atá acu faoi láthair agus sna róil a bheidh acu amach anseo agus chun na scileanna agus na hinniúlachtaí sin a thabhairt d'fhoireann an EPA atá riachtanach le bheith ag obair i dtimpeallacht nua-aoiseach atá dírithe ar an gcustaiméir. Tionscnaíodh clár oiliúna nua ag deireadh na bliana agus lean an EPA lena tiomantas don bhreisoideachas trí chuidiú le baill foirne cúrsaí staidéir a bhaineann le hábhar a leanúint ina gcuid ama féin.

Tríd is tríd is féidir a rá go ndearna an EPA í féin a athdhíriú ar thorthaí fadtéarmacha maidir le comhshaol na hÉireann le linn 2007. Rinneadh é sin trí spriocanna a leagadh amach don bhliain 2020. Is í an dúshlán atá le sárú againn anois ná cúrsa a leagan amach chun na spriocanna sin a bhaint amach agus díriú orthu gan stad gan staonadh i gcomhar leis na heagraíochtaí iomadúla eile sin ar ghá dóibh páirt a bheith acu san obair.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann an EPA, leis na Stiúrthóirí eile, leis an gCoiste Comhairleach, le baill ár gCoiste Iniúchta Inmheánaigh, le baill *Mheitheal*, leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, leis an gCoiste Comhairleach um GMO, leis an nGrúpa Comhairleach um Leithdháileadh Náisiúnta, leis an gCoiste Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl agus le Coiste Stiúrtha an Líonra Forfheidhmiúcháin as a dtacaíocht agus a dtiomantas ar feadh na bliana agus a gcuid díograise ó thaobh cosaint a thabhairt don chomhshaol. Táim ag súil go mór le leanúint ar aghaidh ag obair go cuiditheach leo agus le daoine eile chun na dúshláin atá romhainn a shárú.

Mary Kelly

Mary Kelly
Director General

MISEAN, FÍS, LUACHANNA, SPRIOCANNA

IS É ÁR MISEAN NÁ:

An comhshaol nádúrtha a chosaint agus a fheabhsú don ghlúin seo agus do ghlúnta na todhchaí, agus prionsabail chomhshaoil, shóisialta agus eacnamaíocha na forbartha inbhuanaithe á cur san áireamh.

IS Í ÁR bhFÍS NÁ A BHEITH:

- Mar ghníomhaí cumhachtach i gcomhair athraithe, idir dhearcaí i dtaobh an chomhshaoil agus ghníomhartha ar chaomhnú comhshaoil;
- Mar eagraíocht a oibríonn le saincheisteanna comhshaoil a chur i gcroílár na bpróiseas cinnteoireachta idirnáisiúnta, náisiúnta agus áitiúil;
- Mar eagraíocht inchreidte agus urramaithe a labhraíonn go misniúil ar son chaomhnú an chomhshaoil;
- Mar eagraíocht de scoth domhanda a mbíonn daoine mórtasach as a bheith ag obair inti.

IS IAD ÁR LUACHANNA NÁ:

- Ionracas, neamhspleáchas agus gairmiúlacht;
- Seirbhís dár bpáirtithe leasmhara;
- Luach ar Airgead;
- Urraim agus tacaíocht do chomhghleacaithe;
- Toilteanach foghlaim.

IS IAD ÁR SPRIOCANNA NÁ:

Socraíodh spriocanna in *Fís2020* faoi na ceannteidil seo a leanas: athrú aeráide a shrianadh agus oiriúnú dó, aer glan, acmhainní uisce cosanta, ithir chosanta agus bithéagsúlacht, úsáid inbhuanaithe acmhainní agus comhtháthú agus forfheidhmiú. Is í an sprioc eagraíochta uileghabhálach ná a bheith inár n-eagraíocht ardfheidhmíochta le daoine inniúla agus tiomanta, atá dírithe ar an gcustaiméir agus atá éifeachtach ó thaobh eagraíochta de agus atá ina laoch don chomhshaol.

Athrú Aeráide a Shrianadh agus Oiriúnú Dó – Bainfidh Éire amach laghduithe móra in astuithe gáis cheaptha teasa agus beidh sí réidh do thionchar dosheachanta an athraithe aeráide.

Aer glan – Beidh ár n-aer sláintiúil agus glan. Comhlíonfaidh astuithe Éirinn chuig an atmaisféar na spriocanna idirnáisiúnta agus náisiúnta uile.

Acmhainní Uisce Cosanta – Ní ídeofar ár n-uisce dromchla ná ár screamhuisce agus beidh sé de cháilíocht ard, ag comhlíonadh na gcaighdeán náisiúnta agus idirnáisiúnta uile.

Ithir Chosanta agus Bithéagsúlacht – Cosnófar ithir na hÉireann ó éilliú agus ó chailliúint agus tacóidh sé le plandaí agus ainmhithe spleácha. Cosnófar agus bainisteofar ár mbithéagsúlacht le go mbainfidh na glúine amach romhainn taitneamh as.

Úsáid Inbhuanaithe Acmhainní – Is í an sprioc tríd is tríd ná úsáid níos éifeachtúla a bhaint as acmhainní (uisce, fuinneamh agus ábhair). Cuirfear cosc ar dhramhaíl agus íoslaghdófar í, agus baileofar, athchúrsálfar nó aisghabhfar an chuid eile di. Déanfar an diúscairt deiridh ar bhealach nach ndéanfaidh dochar don chomhshaol.

Comhtháthú agus Forfheidhmiú – Beidh gnéithe comhshaoil ag croílár an cheaptha beartas agus na cinnteoireachta. Beidh iompraíocht chomhshaoil fhreagrach ina gnáthiompraíocht thar gach earnáil den tsochaí agus gearrfar pionóis ar aon duine nach gcomhlíonann na dlíthe comhshaoil.

Eagraíocht Ardfheidhmíochta a Fhorbairt – Is riachtanas leanúnach é na daoine agus na hacmhainní eagrúcháin a fhorbairt chun tacú lenár straitéis agus chun é sin a dhéanamh ní mór díriú ar cheithre phríomhréimse: Daoine Inniúla/Tiomanta; Laoch Comhshaoil; Dírithe ar Chustaiméirí agus Eagraíocht Éifeachtúil.

STRUCHTÚR EAGRAÍOCHTA



AN BORD STIÚRTHÓIRÍ

Clé go Deas

Laura Burke	Stiúrthóir, an Oifig Cumarsáide agus Seirbhísí Corparáide
Padraic Larkin	Leas-Ardstiúrthóir agus Stiúrthóir, an Oifig um Aeráid, Cheadúnú agus Úsáid Acmhainní
Larry Stapleton	Stiúrthóir, an Oifig um Measúnacht Comhshaoil
Mary Kelly	Ard-Stiúrthóir
Dara Lynott	Stiúrthóir, an Oifig um Fhorfheidhmiúchán Comhshaoil

Coiste Comhairleach an EPA

4Ú COISTE COMHAIRLEACH AN EPA – ARNA CHEAPADH 28 FEABHRA 2006

Cathaoirleach: An Dr Mary Kelly	(de bhrí oifige)
An tUasal Katherine Walshe	Comhairle Contae Chorcaí (ainmnithe ag IEI)
An tUasal Jeanne Meldon	Comhairleoir pleanála (ainmnithe ag Fáilte Ireland)
An tUasal Marion Byron	Pharmachemical Ireland (ainmnithe ag IBEC)
An tUasal Donal Harte	Feirmeoir (ainmnithe ag ICMSA)
An tUasal Carmel Dawson	Cathaoirleach, An Grianán (ainmnithe ag ICA)
An tUasal Willie Callaghan	Comhairleoir i gComhairle Contae Chill Dara (ainmnithe ag AMAI)
An Dr John Sweeney	OÉ Má Nuad (ainmnithe ag RIA)
An tUasal Irene Sweeney	Ionadaí pobail, An tInbhear Mór
An tUasal John Buckley	Ionadaí pobail, Cill Airne
An tUasal John Dillon	Uachtarán a bheidh ag dul as oifig, IFA
An tUasal Seán Byrne	Comhairle Thailte Arda Chill Mhantáin

ROINN 1 ATHBHREITHNIÚ OIBRÍOCHTAÍ

Leagtar réimse fairsing feidhmeanna agus dualgas ar an EPA maidir leis an gcomhshaol a chosaint. Tá sé freagrach as ceadúnú agus rialú áiseanna tionsclaíocha mórscála, áiseanna dramhaíola agus gléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh, maoirseacht a dhéanamh ar sholáthar uisce ólacháin ag soláthraithe uisce poiblí, maoirseacht, iniúchadh agus forfheidhmiú comhshaoil um údarás áitiúil, monatóireacht, anailís agus tuairisciú comhshaoil, taighde comhshaoil náisiúnta a chomhordú, Treoir um Thrádáil Astuithe ón AE a chur i bhfeidhm, an reachtaíocht um Dhramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach, an Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl a chomhordú agus Rialacháin an AE um Ídiú Ózóin in Éirinn a chur i bhfeidhm.

Chomh maith leis sin, tá ról tábhachtach ag an EPA i bhforfheidhmiú roinnt Treoracha AE, lena n-áirítear an Chreat-Treoir Aeir, an Treoir um Measúnú Straitéiseach Comhshaoil agus an Creat-Treoir Uisce. Comhordaíonn an EPA gníomhaíocht ar ithreacha agus bhithéagsúlacht agus tá baint aige le réimse leathan gníomhaíochtaí ag leibhéal AE agus idirnáisiúnta.

Idir an Oifig um Aeráid, Cheadúnú agus Úsáid Acmhainní, an Oifig um Fhorfheidhmiúchán Comhshaoil agus an Oifig um Measúnacht Comhshaoil déantar na feidhmeanna sin a liostaítear thuas ionas gur féidir leis an EPA a shainordú a chomhlíonadh. Tugtar cur síos breise ar fhreagrachtaí agus fheidhmeanna sonracha gach ceann de na hoifigí sin agus ar a gcuid gníomhaíochtaí in 2007 sa roinn ina dhiaidh seo.

Tacaíonn Oifig na Seirbhísí Cumarsáide agus Corparáide le hobair na nOifigí sin. Tugtar breis sonraí faoi obair na hOifige sin i Roinn 2 den tuarascáil seo.

AN OIFIG UM AERÁID, CHEADÚNÚ AGUS ÚSÁID ACMHAINNÍ

Tá sainchúram leathan ar an Oifig um Aeráid, Cheadúnú agus Úsáid Acmhainní, lena n-áirítear ceadúnú áiseanna mórscála tionsclaíocha agus dramhaíola, áiseanna móra stórála peitril a cheadú agus ceadanna a thabhairt maidir le horgánaigh ghéinmhodhnaithe. Tá an Oifig freagrach freisin as Treoir an AE um Thrádáil Astuithe in Éirinn, an Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl agus an Plean Náisiúnta Bainistíochta um Dhramhaíl Ghuaiseach a chur i bhfeidhm agus as tionscnaimh fhreagrachta táirgeora a fhorfheidhmiú mar an Treoir um Dhramhaíl ó Threalamh Leictreach agus Leictreonach, na Rialacháin Phacáistíochta, an reachtaíocht um Shrianadh ar Shubstaintí Guaiseacha agus na Rialacháin um Shubstaintí Ídithe Ózóin.

I Meán Fómhair 2007, tugadh isteach córas um cheadúnú agus dheimhniú Scaoileadh Fuíolluisce ó limistéir ar a bhfuil líonraí séarachais údaráis áitiúil ag freastal agus rinneadh an EPA freagrach as údarú sceite. Tabharfar isteach an próiseas údaraithe um cheadúnú agus dheimhniú ar bhonn céimnithe ag tosú ar 14ú Nollaig 2007 de réir riachtanais na Rialachán um Scaoileadh Fuíolluisce (Údarú), 2007.

I Meitheamh 2007, i gcomhréir leis na spriocanna a leagadh amach i Fís2020 agus chun na dúshláin a bhaineann le hathrú aeráide a chomhlíonadh, chruthaigh an EPA Aonad um Athrú Aeráide trí ghníomhaíochtaí a rinne Trádáil Astuithe a chumasc leis na réimsí a bhaineann le Fardail, Réamh-Mheastacháin, Taighde ar Athrú Aeráide agus Eolaíocht Aeráide agus Aeir.

Bunaíodh Aonad nua um Úsáid Acmhainní san EPA in 2007. Stiúrann an tAonad seo An Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl, agus é d'aidhm aige an treocht i dtreo úsáid acmhainní agus giniúint dramhaíola níos mó in Éirinn a aisiompú. Áirítear air seo úsáid dhiomailteach ábhar agus tomhaltas iomarcach uisce agus fuinnimh a laghdú.

AN TAONAD CEADÚNAITHE

Ceadúnú um Chosc agus Rialú Comhtháite ar Thruailliú (IPPC)

Leagann an córas ceadúnaithe IPPC béim ar chosc a chur ar dhramhaíl chun astuithe chuig an aer, uisce agus talamh a laghdú, dramhaíl a laghdú tríd is tríd agus úsáid éifeachtúil a bhaint as fuinneamh. Bíonn gá le ceadúnas IPPC do phróisis thionsclaíocha mhórscála nó chasta le féidearthacht mhór go dtarlódh truailliú suntasach mar thoradh.

In 2007 rinneadh athbhreithniú ar na ceadúnais IPPC uile, seachas na ceadúnais don earnáil um dhiansaothrú ar an talmhaíocht, lena chinntiú gur chomhlíon siad riachtanais na Treorach IPPC faoin spriocdháta de 30ú Meán Fómhair. Rinneadh athbhreithniú mionsonraithe ar 31 ceadúnas. Eisíodh 53 ceadúnas IPPC agus tarraingíodh siar nó éiríodh as 4 iarratas ar cheadúnas. Lena chois sin, eisíodh 60 Cinneadh Beartaithe. Le sonraí a fháil ar na gníomhaíochtaí ceadúnaithe féach Tábla 1. Rinneadh leasuithe teicniúla ar 22 ceadúnas de réir na rialachán ceadúnúcháin. Tá foráil i leasuithe teicniúla chun earráidí cléireachais a cheartú nó coinníollacha i gceadúnas a leasú ionas go gcomhlíonfaidh sé riachtanais na Treorach IPPC nó chun feidhmiú an cheadúnais a éascú.

Rialaigh an Ard-Chúirt i bhfabhar an EPA san athbhreithniú breithiúnach i gcás Donal Brady vs EPA. Baineann an cinneadh sa chás seo le Glanbia Farms Limited vs EPA agus le Laragan Farms vs EPA freisin. I gcás Donal Brady V EPA rinne an ceadúnaí achomharc chuig an gCúirt Uachtarach i gcoinne bhreithiúnas na hArd-Chúirte.

Ceadúnú Dramhaíola

Faoin Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996 is é an EPA atá freagrach as ceadúnú gach áise suntasaí aisghabhála agus diúscartha dramhaíola, arna bainistiú ag na húdaráis áitiúla nó ag oibreoirí príobháideacha. Leagann an próiseas ceadúnúcháin dramhaíola coinníollacha géara ar fheidhmiú na n-áiseanna lena chinntiú go ndéantar rialú docht maidir le haon tionchar a bheadh acu ar an gcomhshaol.

Cheadaigh an EPA ceadúnais nua nó leasaithe do 5 stáisiún aistrithe dramhaíola, 2 áis aisghabhála ábhar, 2 áis bhainistíochta dramhaíola chomhtháite agus 2 áis mhúirín in 2007. Diúltaíodh 2 cheadúnas do South East Recycling agus Carbury Compost Ltd. Eisíodh 14 Chinneadh Molta agus 15 Leasú Teicniúil.

Tá sonraí na gceadúnas EPA uile ar fáil ar an gcuid dár láithreán gréasáin a bhaineann le ceadúnú www.epa.ie.

Tábla 1:
Gníomhaíochtaí Ceadúnúcháin in 2007

	Ceadúnais IPPC	Ceadúnais Dramhaíola	Toilithe GMO	Teastais Chláraithe
Iarratais a breithníodh	123	37	50	90
Cinntí Beartaithe	60	14	Gan a bheith ar fáil	Gan a bheith ar fáil
Agóidí a fuarthas	63	30	Gan a bheith ar fáil	Gan a bheith ar fáil
Cinntí Deiridh	53	13	43	90

Ceadúnú do Scaoileadh Fuíolluisce

Leathnaíodh feidhm cheadúnúcháin an EPA i mí Mheán Fómhair 2007 nuair a thug an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil isteach na Rialacháin um Scaoileadh Fuíolluisce (Údarú) (I.R. Uimh. 684 de 2007). De réir na rialachán seo, caithfidh scaoileadh fuíolluisce uirbigh ag údaráis áitiúil a bheith faoi réir phróiseas ceadúnúcháin agus údaraithe. Cuireadh tús leis an bpróiseas ceadúnúcháin i mí na Nollag 2007 nuair a fuair an EPA an chéad ghrúpa iarratas. Tá an grúpa deiridh iarratas le bheith curtha isteach faoin 22ú Meitheamh 2009. Baineann an próiseas ceadúnúcháin le ceirtleáin atá ar coibhéis le níos mó ná 500 duine agus baineann próiseas deimhniúcháin a thosófar i 2009 leis na ceirtleáin uile faoi bhun na tairsí sin.

Rinneadh obair shuntasach sular tugadh na Rialacháin chun críche; mar shampla, tionóladh seimineáir faisnéise ag láithreáin éagsúla le haghaidh údaráis áitiúla agus le haghaidh na gcomhlachtaí uile eile a bhfuil suim acu ann. Foilsíodh foirmeacha iarratais agus treorach agus tá siad ar fáil ar líne. Tá foráil á déanamh chun rochtain phoiblí a thabhairt ar na hiarratais uile ag www.epa.ie Meastar go mbeidh thart ar 480 ceirtleán faoi réir an phróisis cheadúnúcháin.

Toilithe um Orgánaigh Ghéinmhodhnaithe (GMO)

Is é an EPA an t-údarás inniúil in Éirinn do chur i bhfeidhm na Rialachán GMO maidir le húsáid shrianta, scaoileadh d'aon turas sa chomhshaol agus gluaiseacht trasteorann GMO.

Faoi dheireadh 2007 bhí 234 iontráil ar chlár na n-úsáideoirí GMO in Éirinn. Bhain breis agus 96 faoin gcéad dóibh sin le húsáid shrianta, formhór acu i saotharlanna taighde tríú leibhéal arna n-aicmiú de réir baoil ar leibhéal fánach. Bronnadh 43 toiliú le húsáid shrianta GMO agus rinneadh imscrúduithe láithreáin ar naoi n-áitreabh ina mbaintear úsáid shrianta as GMO.

Ag leibhéal na hEorpa, bronnadh toiliú amháin le GMO a chur ar an margadh (scaoileadh d'aon turas) taobh istigh den Aontas Eorpach agus bhí ról gníomhach ag an EPA sa phróiseas rialála sin thar ceann na hÉireann.

Rinneadh cigireacht suíomh forfheidhmiúcháin ar 12 áitreabh GMO chláraithe le linn 2007.

Teastais Chláraithe

Úsáideann an EPA Teastais Chláraithe chun áiseanna aisghabhála dramhaíola de chuid údaráis áitiúla a mbaineann riosca íseal leo a rialú. In 2007, d'eisigh an EPA 90 Teastas Cláraithe.

Comhdhúile Orgánacha Luaineacha (VOC)

Is é cuspóir Rialacháin 1997 an Achta fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992 (Rialú Astuithe Comhdhúl Orgánach Luaineach de dheasca Stóráil agus Scaipeadh Peitril) ná astuithe comhdhúl orgánach luaineach de dheasca ionaid stórála agus scaipthe peitril a rialú. Úsáideann an EPA próiseas ceada chun na gníomhaíochtaí seo a rialú. In 2007, rinne an EPA athbhreithniú ar 12 Chead VOC.

Treoir Theicniúil

Cuireann an EPA treoir theicniúil ar fáil maidir le réimse ábhar d'fhonn tacú leis an sár-chleachtas comhshaoil chomh maith le bearta ceadúnaithe agus forfheidhmiúcháin. In 2007, cuireadh 14 cháipéis treorach Na Teicníochtaí is Fearr atá ar Fáil de chuid an IPPC leis na cinn a bhí ar fáil ar láithreán gréasáin an EPA www.epa.ie cheana féin.

Rochtain ar Cháipéisí Ceadúnúcháin

Feabhsaíodh beartas an EPA um oscailteacht agus thrédhearcacht a thuilleadh in 2007 le roinnt breisithe agus feabhsuithe lena láithreán gréasáin. Tugann an láithreán gréasáin rochtain anois ar iarratais ar cheadanna um Chomhdhúile Orgánacha Luaineacha (VOC) agus ar iarratais ar cheadúnais um Scaoileadh Fuíolluisce chomh maith leis na hiarratais ar cheadúnais Dramhaíola agus IPPC atá le fáil cheana féin. Chomh maith le rochtain a sholáthar ar cháipéisíocht, cuireadh feabhas mór ar an bhfeidhm cuardaigh chróineolaíoch de cháipéisíocht iarratais. Tugann infhaighteacht na cáipéisíochta ceadúnaithe uile ar an ngréasán, lena n-áirítear

foirmeacha iarratais, léarscáileanna agus comhfhreagras, rochtain phoiblí shimplí ar chomhaid cheadúnaithe chomh maith le príomhriachtanais na Treorach AE ar Rochtain ar Fhaisnéis ar an gComhshaol (Treoir Aarhus) a chomhlíonadh.

Mar chuid de thionscnamh athfhorbartha láithreáin ghréasáin an EPA rinneadh athdhearadh ar na leathanaigh threorach maidir le hiarratas ar cheadúnas agus athscríobhadh iad i mbealach atá dírithe níos mó ar an gcustaiméir. Cuireadh breis treorach leis ar an bpróiseas iarratais do chead VOC agus ar an bpróiseas iarratais do cheadúnas um Scaoileadh Fuíolluisce.

AN TAONAD UM ATHRÚ AERÁIDE

Trádáil Astuithe

Tá an EPA an t-údarás inniúil atá freagrach as trádáil astuithe gáis cheaptha teasa (GHG) a chur i bhfeidhm in Éirinn. Baineann an scéim le táirgeoirí móra GHG – mar shampla, na tionscail ghinte stroighne agus cumhachta, chomh maith leis na húsáideoirí móra eile de bhreoslaí iontaise.

Ghéill na hoibreoirí uile an líon éilithe de liúntais a bhí comhionann lena n-astuithe fíoraithe, faoi dheireadh Aibreáin 2007, rud a chinntigh gur chloígh Éire 100% leis an scéim. Inár gcáil mar Oibreoir an Chláir, aistarraing an EPA liúntais 2006 na hÉireann ar an 30 Meitheamh 2007, de réir mar a éilíonn an Treoir.

I mí Mheán Fómhair 2007, fuair Éire toradh dearfach sa Tuarascáil Mheasúnaithe Neamhspleách ar an gClár Náisiúnta, an cúigiú tír ar domhan a bhain an cloch mhíle seo amach.

Tionóladh comhairliúchán poiblí eile don dara Plean Leithdháilte Náisiúnta d'Éirinn (don tréimhse 2008 -2012) i mí Dheireadh Fómhair 2007. Fuarthas níos mó ná 20 aighneacht agus cuirfear na tuairimí a cuireadh in iúl san áireamh sula dtabharfar an Plean chun críche go luath in 2008.

Tá rochtain ar Chlár Trádála Astuithe Náisiúnta, a chinntíonn go dtugtar cuntas cruinn ar eisiúint, aistriú, chealú agus ghéilleadh liúntais astuithe laistigh den Scéim Trádála Astuithe agus do Thrádáil Astuithe Idirnáisiúnta faoi Phrótacal Kiótó ar fáil ag www.etr.ie.

Ag deireadh 2007, bhí ceadanna bailí ag 111 suiteáil arna gclúdach ag an scéim trádála astuithe in Éirinn a d'éiligh orthu monatóireacht a dhéanamh ar astuithe agus tuairisc a thabhairt orthu agus liúntais a ghéilleadh de réir na Rialachán.

Fardail Astuithe Náisiúnta

In 2007 chuir an EPA sonraí maidir le hastuithe gáis cheaptha teasa na hÉireann faoi bhráid an AE agus faoi bhráid Choinbhinsiún Creatlaí na Náisiún Aontaithe d'Athrú Aeráide agus le linn na bliana, foilsíodh na fardail náisiúnta do 2005.

Níor aithníodh aon saincheisteanna maidir le cur i bhfeidhm nuair a rinneadh an t-athbhreithniú ar thuarascáil tosaigh na hÉireann, athbhreithniú a rinneadh i gcomhar leis an athbhreithniú ar aighneacht 2006 faoin gCoinbhinsiún Creatlaí. Bhí saineolaithe fardail an EPA ag gabháil d'athbhreithnithe ar thuarascálacha tosaigh na hUngáire, an Lucsamburg agus na hÍoslainne faoi Phrótacal Kiótó freisin, agus ag gabháil d'athbhreithniú láraithe aighneachtaí 2006 ó SAM, ón Astráil agus ón gCróit faoi UNFCCC.

'Meicníochtaí' Eile de chuid Phrótacal Kiótó

I 2007, thug an EPA na nósanna imeachta chun críche chun Litreacha Formheasa a eisiúint do rannpháirtithe tionscadail Éireannacha sna meicníochtaí solúbtha (bunaithe ar thionscadal) de chuid Phrótacal Kiótó. I mí Eanáir 2007, d'eisigh an EPA an chéad Litir Formheasa ar domhan i ndáil le tionscadal faoi mheicníocht Comhfheidhmithe Phrótacal Kiótó. I mí na Samhna 2007, d'eisigh an EPA an chéad Litir Formheasa d'Éireann i ndáil le tionscadal faoi Mheicníocht Forbartha Glaine Phrótacal Kiótó.

Réamh-Mheastacháin Náisiúnta maidir le Gáis Cheaptha Teasa agus Gáis Aigéadacha

In 2007, faoin Straitéis Náisiúnta athbhreithnithe um Athrú Aeráide, tugadh an fhreagracht don EPA réamh-mheastacháin náisiúnta bhliantúla a fhorbairt do gháis cheaptha teasa agus gáis aigéadaithe. Go dtí seo, táirgeadh réamh-mheastacháin náisiúnta chun riachtanais shonracha a chomhlíonadh, mar shampla chun treoir a thabhairt d'fhorbairt na bPleananna Leithdháilte Náisiúnta faoi EU ETS agus d'fhorbairt clár náisiúnta faoi Threoir NEC. Ór ceapadh í, tá an EPA ag forbairt cur chuige a chuirfidh feabhas ar chaighdeán agus urrúntacht na réamh-mheastachán faoi astuithe náisiúnta.

Taighde um Athrú Aeráide

I rith 2007, cuireadh tús le Clár Taighde nua um Athrú Aeráide le maoiniú ón gCoiste Idir-Rannach le haghaidh Nuálaíocht agus Teicneolaíocht do Straitéis Eolaíochta. Cuireadh 30 iarratas bailí faoi bhráid an Chláir faoin 31 Iúil, an spriocdháta d'iarratais. Rinne saineolaithe seachtracha na tograí a mheasúnú agus d'fhormheas Bord an EPA liosta na dtionscadal gur moladh maoiniú a thabhairt dóibh i mí Mheán Fómhair. Dámhadh trí thionscadal déag agus ceithre chomhaltacht le linn an chéad bhabhta maoinithe in 2007. Is ionann an tiomantas buiséid do na tionscadail sin agus €8.7m. Bhunaigh an EPA coiste idirghníomhaireachta chun taighde a chomhordú ar athrú aeráide in Éirinn.

Foilsíodh tuarascálacha ar na nithe seo a leanas in 2007:

- Príomhthráscairí Meitéireolaíocha d'Athrú Aeráide in Éirinn
- Impleachtaí Sprioc um Chaomhnú Aeráide an AE d'Éirinn
- Athrú Aeráide: Meastachán d'Astuithe Gáis Cheaptha Teasa ón Talmhaíocht agus Straitéisí um Laghdú

AN TAONAD ACMHAINNÍ

An Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl

In 2007 foilsíodh an tríú tuarascáil bhliantúil don chlár. Lean an Coiste Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl, ar a bhfuil an EPA ina chathaoirleach, ar aghaidh ag cur comhairle straitéiseach luachmhar ar fáil do thionscadail uile an Chláir Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl.

Leathnaíodh Clár Taispeántais na nÚdarás Áitiúil maidir leis an gCosc, a chothaíonn cosc ar dhramhaíl trí mheán údaráis áitiúla, agus anois, cuimsíonn sé 14 údarás áitiúil. Léiríonn an tionscnamh náisiúnta seo conas is féidir cosc a chur ar dhramhaíl i raon leathan de ghnóthaí agus d'earnálacha rannpháirteacha. Tá torthaí an chláir ag cur teimpléid ar fáil do thionscadail chomhchosúla chun cosc a chur ar dhramhaíl ar fud na tíre.

Forbraíodh Tionscnamh an Ghnó Ghlais le huirlis iniúchta acmhainní ar líne, tacaithe ag sainchomhairleoirí agus líne the. Rinneadh forbairt bhreise ar thionscadail Forfheidhmiúcháin Cásanna-Staidéir a d'eascair as Clár Táirgthe Níos Glaine Níos Glaise an EPA agus táthar chun iad a scaipeadh. Seolfar Tionscnamh an Ghnó Ghlais go hoifigiúil in 2008 mar ghrúpa beart chun diomailt a laghdú i ngnóthaí Éireannacha.

Chomh maith leis sin, in 2007 sheol an EPA Clár um Chosc ar Phacáistíocht le Repak (comhlacht comhlíonta na dramhaíola pacáistíochta) atá ag treorú an chláir. Forbraíodh agus scaipeadh cásanna-staidéir trí mheán seimineár agus ar láithreán gréasáin nua ag www.preventandsave.ie.

Chuir an EPA measúnú ar thomhaltas teaghlach nó tionsclaíoch uisce, fuinnimh agus acmhainní ábhair san áireamh sna tionscadail uile de chuid an Chláir Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl. Molfar d'aon eagraíocht a dhéanann iniúchtaí ar dhramhaíl nó a chuireann clár coisc i bhfeidhm tomhaltas na n-acmhainní ábhartha uile a laghdú. Rinneadh naisc straitéiseacha le Fuinneamh Inbhuanaithe Éireann, a chuireann sainchomhairle ar fáil maidir le saincheisteanna fuinnimh suntasacha a thagann chun cinn.

Tionscnaimh Freagrachta Táirgeoirí

Tá an EPA freagrach as forfheidhmiú nó cur chun cinn raon Tionscnaimh Freagrachta Táirgeoirí (PRI). Is ionstraimí dlíthiúla agus eacnamaíocha iad sin a éilíonn ar tháirgeoirí (déantóirí agus allmhaireoirí) freagracht airgeadais agus freagrachtaí eile a ghlacadh as dramhaíl ginte ag táirgí a chuireann siad ar an margadh. Is iad seo a leanas roinnt samplaí:

- Na Rialacháin maidir le Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach (WEEE);
- Na Rialacháin Phacáistíochta;
- Rialacháin eile a bhaineann le comhábhair ghuaiseacha i dtáirgí a shrianadh, lena n-áirítear an Srianadh ar Shubstaintí Guaiseacha (RoHS) agus na Rialacháin maidir le Péint Mhaisiúil;
- Na Rialacháin maidir le Tuaslagóirí agus Péinteanna Maisiúla (athbhailchríoch feithiclí).

D'oibrigh an EPA le gach ceann de na hearnálacha tráchtála éagsúla a bhfuil baint acu leis na Rialacháin seo chun cur i bhfeidhm éifeachtúil an dlí a chinntiú. Cuireadh clár leathan de threoir, chumarsáid, imscrúdú agus iar-obair forfheidhmiúcháin i bhfeidhm le linn 2007 agus aithníodh agus cuireadh chun cinn deiseanna chun cosc a chur ar dhramhaíl, ábhair neamhghuaiseacha a úsáid in ionad ábhair ghuaiseacha, cleachtais oibríochtúla níos glaise a ghlacadh agus leas a bhaint as dearadh éiceolaíoch agus athúsáid.

Nuair a bhí róil shuntasacha ag údaráis áitiúla i bhforfheidhmiú PRI, mar shampla i gcás na pacáistíochta nó WEEE, rinneadh forbairt dhíreach ar a gcumas i ndáil leo trí mheán Líonra Forfheidhmiúcháin Comhshaoil an OEE.

An Plean Náisiúnta Bainistíochta um Dhramhaíl Ghuaiseach

I ndiaidh comhairliúchán agus taighde fairsing, foilsíodh Plean Náisiúnta Molta um Bainistíocht Dramhaíola Guaisí agus Tuarascáil Comhshaoil in 2007. Rinneadh Measúnú Straitéiseach Comhshaoil fad agus a bhí an plean molta á fhorbairt, agus déantar cur síos air sin sa Tuarascáil Comhshaoil. Leagann an plean molta na fíricí amach maidir le heascairtí dramhaíola guaisí agus a mbainistíocht. Déantar moltaí i ndáil le cosc a chur ar dhramhaíl ghuaiseach agus rátaí bailiúcháin feabhsaithe le cois cóireáil agus diúscairt atá slán ó thaobh an chomhshaoil de.

Tuairisciú Náisiúnta Dramhaíola

Go luath in 2007, foilsíodh an Tuarascáil Náisiúnta Dramhaíola maidir le heascairtí in 2005, rud a chothaigh díospóireacht ar shaincheisteanna sna meáin chumarsáide agus sa phobal i gcoitinne. Tugadh obair staidrimh ar eascairtí in 2006 chun críche in 2007.

Substaintí Ídithe Ózóin, Défheinilí Polaclóirínithe agus Truailleáin Orgánacha Sheasmhacha

Tá an EPA ag treorú cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú na Rialachán maidir le Substaintí Ídithe Ózóin (ODS), Defheinilí Polaclóirínithe (PCP) agus Truailleáin Orgánacha Seasmhacha (POP). Tá sé tábhachtach srian a chur ar úsáid na substaintí seo agus ar ghiniúint dramhaíola uathu chun an t-aer, na huiscí agus an talamh a chaomhnú. Forbraíodh agus scaiptear faisnéis agus treoracha ar bhonn leanúnach ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear trí mheán seimineár agus ar leathanaigh ghréasáin an EPA. Tugadh faoi imscrúduithe a dhéanamh, agus uaireanta rinneadh gníomhartha forfheidhmiúcháin breise.

Imscrúduithe

Tugann Tábla 2 achoimre ar an obair imscrúdaithe a rinne an Oifig um Aeráid, Cheadúnú agus Úsáid Acmhainní in 2007.

Tábla 2:
Imscrúduithe OCLR 2007

Cineál Imscrúdaithe	Uimhir
Imscrúduithe maidir le hiarratas ar cheadúnas agus imscrúduithe athbhreithnithe	200
Imscrúduithe ar áiseanna GMO	12
Imscrúduithe Trádála Astuithe	110
Imscrúduithe ar Dhramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach	532
Imscrúduithe Péinteanna Maisiúla	500
Imscrúduithe um Shrian ar Shubstaintí Guaiseacha	135
Imscrúduithe PCP/POP	68
Imscrúduithe maidir le Substaintí Ídithe Ózóin	7

AN OIFIG UM FHORFHEIDHMIÚCHÁN COMHSHAOIL

Tá an Oifig um Fhorfheidhmiúchán Comhshaoil freagrach as forfheidhmiú ceadúnas a d'eisigh an EPA maidir le gníomhaíochtaí dramhaíola, tionsclaíocha agus eile. Comhlíonann sí ról maoirseachta freisin maidir le gníomhaíochtaí caomhnaithe comhshaoil na n-údarás áitiúil. Cuimsíonn sé sin comhairle agus treoir a thabhairt, iniúchadh a dhéanamh ar fheidhmíocht agus, nuair is gá, Treoracha atá ina gceangal dlí a eisiúint.

San áireamh ar na tosaíochtaí forfheidhmiúcháin tá neamhghéilliúntas earnálacha, gníomhaíochtaí ar ardriosca comhshaoil agus gníomhaíochtaí a ghineann leibhéal suntasach gearán comhshaoil. Tháinig méadú ar líon na n-imscrúduithe, líon na gcruinnithe géilliúntas, ar ullmhú chásanna dlí agus ar obair neamhsceidealta in 2007 Cosúil leis na blianta roimhe sin, ba ghá forfheidhmiú suntasach a dhéanamh ar roinnt bheag láithreáin "faidhbe" toisc theagmhais, éilliú, neamhghéilliúntas leanúnach, nó droch-bhainistíocht ar an láithreán.

In 2007, bronnadh cumhachtaí nua ar an EPA maidir le maoirsiú a dhéanamh ar chaighdeán an uisce ólacháin a sholáthraíonn soláthraithe uisce poiblí. Thosaigh an EPA ar ghníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin údaráis áitiúil agus ceadúnaithe a chomhtháthú agus é de chuspóir aici seirbhís forfheidhmiúcháin lán-chomhtháite a sholáthar ag leibhéal réigiúnach.

FORFHEIDHMIÚ CEADÚNAS

In aon cháipéis amháin, déanann na ceadúnais a bhronnann an EPA foráil do rialú agus fhorfheidhmiú gníomhaíochtaí sonraithe agus do chosaint na meán comhshaoil uile. Áirítear ar obair fhorfheidhmiúcháin na hOifige um Fhorfheidhmiúchán Comhshaoil (OEE) iniúchadh agus imscrúdú láithreán ceadúnaithe chun comhlíonadh agus feidhmíocht comhshaoil a mheasúnú, astuithe a shampláil agus a mheasúnú agus treoir agus faisnéis a sholáthar faoin dea-chleachtas.

Baineann cuid mhór den fhorfheidhmiú a dhéantar ar láithreáin cheadúnaithe le himscrúdú gearán agus teagmhas agus treorú agus maoirsiú gníomhartha ceartúcháin. Déantar caingean dlí a dhíriú ar áiseanna a léiríonn neamhghéilliúntas suntasach i ndáil leis an reachtaíocht ar bhonn leanúnach nó a mbaineann riosca tromchúiseach don chomhshaol leo.

Is féidir sonraí faoi gach ceadúnas dramhaíola agus IPPC a fheiceáil ar an rannóg cheadúnúcháin de www.epa.ie.

In 2007:

- Rinne cigirí an EPA 131 iniúchadh agus 900 imscrúdú ar áiseanna ceadúnaithe IPPC agus dramhaíola;
- Tionóladh cruinnithe géilliúntais leis an mbainistíocht shinsearach ag 93 áis chun béim a leagan ar leibhéal an neamhghéilliúntais agus an toradh a bheadh ar neamhghéilliúntas leanúnach;
- Rinneadh monatóireacht ar áiseanna ceadúnaithe 1,097 uair in 2007 le haghaidh astuithe aeir, uisce agus torainn;
- Seirbheáladh 683 fógra neamhghéilliúntais in 2007;
- Bhain na príomh-shaincheisteanna neamhghéilliúntais a tháinig chun cinn le bainistíocht dramhaíola, srianadh agus sárú teorainneacha astuithe ag áiseanna;
- Rinneadh 374 gearán maidir le háiseanna IPPC agus 1,760 gearán maidir le háiseanna dramhaíola leis an EPA;
- Bhí trí cinn de na háiseanna IPPC mar chúis le 38 faoin gcéad de na gearáin uile faoi thionscail cheadúnaithe. Gearáin faoi bholadh, cháilíocht aeir, thorann, uisce agus dheannach a bhí i gceist.
- Bhain 67 faoin gcéad de na gearáin uile a rinneadh faoi dhramhaíl le ceithre áis. Boladh bréan an chúis ba mhinice le gearán.

Imscrúduithe

Léiríonn Tábla 3 achoimre ar an obair imscrúdaithe um fhorfheidhmiú ceadúnais a rinne foireann an OEE le linn 2007, arna mionsonrú de réir chatagóir an imscrúdaithe.

Tábla 3: Imscrúduithe um Fhorfheidhmiú Ceadúnais ag an OEE 2007

Cineál Imscrúdaithe	Uimhir
Imscrúduithe forfheidhmiúcháin IPPC	546
Iniúchtaí forfheidhmiúcháin IPPC	78
Imscrúduithe forfheidhmiúcháin dramhaíola	354
Iniúchtaí forfheidhmiúcháin dramhaíola	53
Cuairteanna monatóireachta IPPC	852
Cuairteanna monatóireachta dramhaíola	245
Cruinnithe comhlíonta IPPC	52
Cruinnithe comhlíonta dramhaíola	41

Monatóireacht ar Bholadh Comhshaoil

Le linn 2007, rinne an EPA measúnuithe fairsinge ar bholadh ag líonta talún ceadúnaithe ag an EPA. Bhí i gceist leis sin:

- measúnú ar líonta talún déanta ag saineolaithe speisialaithe i mbraith agus i dtomhas bolaidh agus i mbainistíocht gás líonadh talún;
- pearsanra forfheidhmiúcháin ar an láithreán níos minice chun:
  - Measúnuithe ar bholadh a dhéanamh (ag úsáid nós imeachta caighdeánach na Gníomhaireachta)
  - Gearáin faoi bholadh ó chónaitheoirí sa cheantar timpeall ar na líonta talún a fhíorú, agus
  - Cleachtais bhainistíochta bolaidh ar an suíomh a bhreathnú.

Tá torthaí na hoibre sin ag tabhairt treorach do na pleananna forfheidhmiúcháin do na láithreáin seo.

FORFHEIDHMIÚ DLÍ

Deis fhorfheidhmiúcháin amháin atá ar fáil don EPA ná ionchúiseamh. Tá fógraí dlí chun bearta sonracha a chur i bhfeidhm d'fhonn truailliú a sheachaint nó a chur ina cheart i measc na ndeiseanna eile. I measc caingne dlí ar thug an EPA faoi in 2007 bhí siad seo a leanas:

- Tugadh 12 chás i gcoinne ceadúnaithe os comhair na gCúirteanna Dúiche. Ciontaíodh ceadúnaithe in 11 de na cásanna sin agus cuireadh an tAcht Promhaidh i bhfeidhm sa chás deiridh. Bronnadh na fíneálacha agus na costais de €160,418 ar an EPA. Bhain an chuid is mó de na cúisimh le sárú seasta ar luachanna teorann astuithe, mainneachtain i mbonneagar a chur isteach, faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a chur ar fáil don EPA agus mainneachtain i bhfaisnéis nó fógra faoi theagmhais a chur ar fáil don EPA mar a éilítear de réir choinníollacha na gceadúnas.
- Rinneadh trí imscrúdú coiriúil sonrach eile le linn na bliana agus cuireadh dhá chomhad chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí le breithniú do chúiseamh ar díotáil. Sa dá cás, bhain na líomhaintí a bhí mar ábhar an imscrúdaithe le dramhaíl a rialú in oibríochtaí stáisiún aistrithe dramhaíola.
- *Il rith na bliana, cuireadh tús le Staidéar ar Úsáid Smachtbhannaí Riaracháin do Chionta Comhshaoil i dTíortha Inchomparáide eile agus Measúnú ar a n-úsáid féideartha in Éirinn* agus táirgfear tuarascáil deiridh go luath i 2008.

Ag deireadh mhí na Nollag 2007, bhí 33 cás sa Chúirt Dúiche idir lámha ag an EPA.

Mar thoradh ar chaingean dlí a thug an EPA, gheall ceadúnaithe aonair suas le €1 mhilliún de bhearta feabhais cosúil le feabhas a chur ar ionaid chóireála fuíolluisce agus raon oibreacha feabhsúcháin comhshaoil a dhéanamh ar an láithreán.

FORFHEIDHMIÚ MAIDIR LE HÚDARÁIS PHOIBLÍ

Maoirseacht ar Údaráis Áitiúla

Tá ról maoirseachta ag an EPA maidir le gníomhaíochtaí caomhnaithe comhshaoil na n-údarás áitiúil.

Rinneadh 44 iniúchadh ar ionaid chóireála dramhuisce (16) agus ionaid chóireála uisce ólacháin (28) a bhain le húdaráis áitiúla in 2007. Rinneadh 15 iniúchadh ar údaráis áitiúla chun scrúdú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Chóras Bainistíochta na nÚdarás Áitiúil, na n-Íoschritéar Molta ag an AE d'Imscrúdú Comhshaoil agus an Nóis Imeachta Náisiúnta do Ghearáin.

Rinneadh 64 imscrúdú de bhun 459 gearán déanta chuig an EPA i ndáil le gníomhaíochtaí a raibh údaráis áitiúla freagrach astu. Bhain formhór na ngearán sin le saincheisteanna bainistíochta dramhaíola nó bainistíochta uisce agus bhain formhór na gcinn eile le boladh, torann agus pleanáil. Mar thoradh ar na himscrúduithe sin, eisíodh 88 fógra comhairle agus molta le húdaráis áitiúla.

Eisíodh seacht dTreoir i ndáil le saincheisteanna bainistíochta dramhaíola agus bainistíochta uisce. Eisíodh iad le Comhairle Contae Loch Garman, Comhairle Contae Chiarraí, Comhairle Contae na Gaillimhe, Comhairle Contae Chorcaí, Comhairle Contae Dhún na nGall, Comhairle Contae Shligigh agus Comhairle Contae Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin.

Tá tuilleadh sonraí ar Ghníomhaíochtaí Forfheidhmiúcháin maidir le hÚdaráis Phoiblí le fáil i dTábla 4.

Tábla 4: Gníomhaíochtaí Forfheidhmiúcháin maidir le hÚdaráis Phoiblí 2007

Iniúchtaí	59
Imscrúduithe a rinneadh	64
Fógraí comhairle agus molta	88
Treoracha Beartaithe a seirbheáladh	8
Directions served	7

An Líonra Forfheidhmiúcháin Comhshaoil (EEN)

Comhordaíonn an EPA Líonra Forfheidhmiúcháin Comhshaoil Náisiúnta. Úsáideann an Líonra na hacmhainní comhiomlána, an saineolas agus an cumas imscrúdaithe atá ar fáil go náisiúnta chun dul i ngleic le coiriúlacht comhshaoil. Tá cáil mhór ar an Líonra agus tugann sé os cionn 1,000 ball foirne le chéile ó bhreis agus 50 gníomhaireacht. Tá baill ag obair ar fud 9 bpríomhréimse grúpáilte faoi na téamaí Dramhaíl, Uisce, Bainistíocht Forfheidhmiúcháin agus Freagracht Táirgeora.

San áireamh ar ghníomhaíochtaí an Líonra in 2007 bhí:

- Seoladh Nós Imeachta Náisiúnta do Ghearáin i gcomhar le foilsiú na bileoige An bhfaca tú rud éigin? Abair rud éigin chun go mbeadh sé níos éasca do bhaill an phobail gearáin chomhshaoil a dhéanamh;
- Thug comhdhálacha náisiúnta faoi uisce agus dhramhaíl, le cois ócáidí líonra eile, na húdaráis forfheidhmiúcháin chuí le chéile chun déileáil le saincheisteanna forfheidhmiúcháin ar bhealach comhtháite;
- Rinneadh athbhreithniú cuimsitheach ar an Líonra Forfheidhmiúcháin leis an mbéim athraithe ó oiliúint agus treoir a chur ar fáil go cur i bhfeidhm agus iniúchadh/imscrúdú.
- Bunaíodh meithleacha nua chun oibriú ar Chripteaspóiridiam agus ar aer/tuaslagóirí;
- Cuireadh Rialacháin Uisce Ólacháin nua i bhfeidhm agus cuireadh treoir fhairsing eislín faoi Chripteaspóiridiam ar fáil d'údaráis áitiúla ar an láithreán gréasáin;
- Seoladh an bullaitín um Dhíriú ar Fhorfheidhmiú Dramhaíola ag an gComhdháil Náisiúnta Dramhaíola;
- Seachadadh agus forbraíodh cúrsa oiliúna speisialaithe ar forfheidhmiú dramhaíola;
- Leanadh ar aghaidh le comhghníomhartha maidir le forfheidhmiú dramhaíola.

Tábla 5: Gníomhaíochtaí an Líonra Forfheidhmiúcháin Comhshaoil 2007

Seimineáir agus Ceardlanna (iomlán)	**8**
An Líonra Bainistíochta Forfheidhmiúcháin	3
Líonra Dramhaíola Neamhúdaraithe	1
Líonra Freagrachta Táirgeora (WEEE agus Pacáistíocht)	3
Líonra Tuaslagóirí	1
Comhdhálacha (iomlán)	**2**
An Chomhdháil Náisiúnta Uisce	1
An Chomhdháil Náisiúnta Dramhaíola	1
Cruinnithe Grúpaí Oibre (iomlán)	**20**
Dramhaíl Neamhúdaraithe	3
Lastas Trasteorann	2
Dramhaíl ó Threalamh Leictreach nó Leictreonach	4
Córas Bainistíochta na nÚdarás Áitiúil	2
Gearáin Chomhshaoil	1
An Éirne/An Abhainn Mhór	3
Abhainn na Siúire	3
Tuaslagóirí	2
Iomlán na nImeachtaí ag an Líonra	**30**
Gníomhaíochtaí Gaolmhara Eile	
Cruinnithe um Chreat-Treoir Uisce	9
Cruinnithe EPA/EHS idir an EPA agus Seirbhís Comhshaoil agus Oidhreachta Thuaisceart Éireann	5
Cruinnithe Ghrúpa Oiliúna Náisiúnta na Seirbhísí Uisce	7
Imeachtaí IMPEL	7
Líon na bpleananna imscrúdaithe faighte ó LAnna (de réir RMCEI)	34
Líon na gCúrsaí Oiliúna arna seachadadh	5
Baill ghníomhacha an eislín	595

Gníomhaíochtaí Dramhaíola Neamhúdaraithe

Tá sé mar phríomhthosaíocht fós ag an Oifig um Fhorfheidhmiúchán Comhshaoil dul i ngleic le gníomhaíocht neamhúdaraithe dramhaíola. Leis sin chuathas i mbun oibre i rith 2007 le húdaráis áitiúla agus le baill den Gharda Síochána lena chinntiú go bhfuil cur chuige comhtháite in Éirinn maidir le dul i ngleic le coiriúlacht comhshaoil. Tá an Oifig um Fhorfheidhmiúchán Comhshaoil ag comhoibriú le comhghleacaithe i dTuaisceart Éireann freisin chun dul i ngleic le saincheisteanna trasteorann a bhaineann le dramhaíl mhídhleathach.

Leanadh leis an líne gutháin 24 uair an chloig do dhumpáil mhídhleathach a chur ar fáil ar feadh 2007. Bhí comhoibriú eagraíochtaí mar údaráis áitiúla agus An Garda Síochána i gceist leis seo.

Foilsíodh an Cód Cleachtais Measúnú Riosca Comhshaoil i gcás Láithreáin Diúscartha Dramhaíola Neamhrialaithe agus cuireadh an oiliúint ghaolmhar ar fáil. Foilsíodh an chéad tuarascáil chomhdhlúite ar ghníomhaíochtaí Forfheidhmiúcháin Dramhaíola na nÚdarás Áitiúil in 2007 chomh maith.

Tionscnaíodh imscrúduithe ar ghluaiseacht mhídhleathach dramhaíola trasteorann agus forbraíodh treoir maidir le comhaid imscrúduithe coiriúla a ullmhú agus a chur faoi bhráid oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus cuireadh i bhfeidhm í.

Fuíolluisce Uirbeach

I rith 2007, lean an EPA ar aghaidh ag úsáid a cumhachtaí maoirseachta thar údaráis áitiúla chun feabhais ar fheidhmiú agus bhainistíocht ionaid chóireála fuíolluisce a spreagadh. Rinne an Oifig um Fhorfheidhmiúchán Comhshaoil 16 iniúchadh ar Údaráis Áitiúla le linn 2007 chun an leibhéal géilliúntais do reachtaíocht a bhaineann le bainistíocht fuíolluisce a dhearbhú. Mar chuid den phróiseas iniúchta, agus in iar-imscrúduithe a rinneadh chun gearáin a imscrúdú, rinneadh imscrúdú ar 37 gléasra cóireála fuíolluisce in 2007.

Cáilíocht an Uisce Ólacháin

I Márta 2007, bronnadh cumhachtaí nua ar an EPA i réimse an uisce ólacháin faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Uisce Ólacháin) (Uimh. 2), 2007. Is í an EPA an t-údarás maoirseachta do sholáthairtí uisce ólacháin poiblí anois. Ceanglaítear ar sholáthraithe uisce poiblí (údaráis shláintíocha) an EPA a chur ar an eolas faoi sháruithe ar chaighdeáin uisce ólacháin agus aon treoracha a thugann an EPA a chomhlíonadh. Tá cumhachtaí comhchosúla ag údaráis shláintíocha i ndáil le soláthairtí uisce príobháideacha (.i. grúpscéimeanna uisce). Tugadh ról reachtúil d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte freisin maidir le cosaint shláinte an duine agus ní mór don údarás sláintíoch agus don EPA dul i gcomhairle léi nuair atá riosca féideartha ann do shláinte an duine mar thoradh ar fhadhb le soláthar uisce ólacháin.

Le linn 2007, rinne an EPA measúnú ar 101 fógra a fuarthas faoi na Rialacháin nua agus sheirbheáil siad 22 Treoir faoi shaincheisteanna uisce ólacháin ar údaráis shláintíocha, lena n-áirítear Treoir do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe maidir leis an ngéarchéim Cripteaspóiridiam a tharla i Márta 2007. I rith 2007 bhí iarrachtaí an EPA dírithe ar na réimsí a aithint a mbaineann an riosca is mó leo ó thaobh shlándáil agus shábháilteacht an tsoláthair uisce ólacháin in Éirinn de, agus ar na bearta ar gá iad a chur i gcrích chun na rioscaí sin a íoslaghdú.

Forbraíodh agus eisíodh treoir d'údaráis áitiúla maidir le neamhghéilliúntais uisce ólacháin a thuairisciú agus conas plé leo. Éascaíodh idirchaidreamh leanúnach le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus forbraíodh treoir aontaithe maidir leis na critéir d'fhógra beirithe. Chomh maith leis sin forbraíodh Liosta Beart Leasúcháin de sholáthairtí uisce poiblí a bhfuil beart forfheidhmiúcháin nó tuilleadh feabhsaithe ag teastáil uathu.

In Eanáir 2007 foilsíodh an Tuarascáil ar Chaighdeán an Uisce Ólacháin in Éirinn 2005 agus le linn 2007 ullmhaíodh an chéad tuarascáil le hullmhú faoi na Rialacháin nua le foilsiú in Eanáir 2008.

Fosfar in Uiscí Dromchla

Rinne an OEE measúnú ar dhul chun cinn le cur i bhfeidhm na Rialachán Fosfair ag údaráis áitiúla agus cuimsíodh tuarascáil ar na torthaí i dtuarascáil na dTáscairí Uisce 2006 a d'fhoilsigh an EPA i nDeireadh Fómhair 2007. Ba é príomhthoradh an athbhreithnithe ná gur léirigh sonraí monatóireachta ón tréimhse 2004 – 2006, i gcás aibhneacha, go raibh cáilíocht an uisce ag 69.5 faoin gcéad de na stáisiúin mhonatóireachta ag cloí leis na Rialacháin Fosfair.

Saincheisteanna Oidhreachta a bhaineann leis an gComhshaol

Mar aon le formhór na dtíortha forbartha, tá Éire ag déileáil le saincheisteanna oidhreachta a bhaineann leis an gcomhshaol cosúil le seanlíonta talún, láithreáin mhianaigh tréigthe agus talamh éillithe. Rinneadh dul chun cinn i dtaca leis na saincheisteanna seo, ach beidh na blianta thart sula mbeidh na saincheisteanna oidhreachta uile réitithe. Is iad seo a leanas buaicphointí na hoibre a rinneadh in 2007 chun dul i ngleic le saincheisteanna oidhreachta.

Measúnú Riosca – Iar-láithreáin Dramhaíola

Tá thart ar 300 iar-láithreán dramhaíola ar fud na hÉireann. Is iad sin na láithreáin ar tugadh 'dumpa an bhaile' orthu cheana. Tá líon i bhfad níos lú de láithreáin dramhaíola mhídhleathacha ann freisin; cruthaíodh formhór acu idir 1998 agus 2002 agus is dramhaíl tógála agus scartála atá iontu den chuid is mó. I mí Aibreáin 2007, d'fhoilsigh an EPA Cód Cleachtais a chuireann creatlach ar fáil chun na láithreáin sin a aithint, na rioscaí féideartha lena mbaineann a mheasúnú agus na bearta feabhais nó gníomhartha ceartúcháin iomchuí a aithint a bhfuil gá leo chun an riosca don chomhshaol agus do shláinte an duine a íoslaghdú.

I ndiaidh fhoilsiú an Chóid, chuir an EPA oiliúint ar fhoireann an údaráis áitiúil faoi conas é a úsáid agus a chur i bhfeidhm. Anois tá an Cód á chur i bhfeidhm ag údaráis áitiúla agus tá an EPA ag déanamh maoirseachta ar a chur i bhfeidhm.

Tionscadal na Mianach Tréigthe

I mí Feabhra 2006, chuir an EPA agus an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (Suirbhé Geolaíochta na hÉireann agus an Rannóg Taiscéalaíochta agus Mianadóireachta) tús le comhthionscadal chun iniúchtaí láithreáin mionsonraithe a dhéanamh ar láithreáin tosaíochta de mhianaigh stairiúla chun measúnú a dhéanamh ar an riosca féideartha lena mbaineann do shláinte agus shábháilteacht an duine agus don chomhshaol níos leithne agus chun moltaí a dhéanamh i ndáil le bainistíocht na láithreán seo sa todhchaí. Tá saineolaithe idirnáisiúnta i ngeochobhsaíocht agus measúnú riosca ag tabhairt comhairle faoin tionscadal.

Go dtí seo, tá iniúchadh déanta ar bhreis agus 100 láithreán mianaigh miotail agus guail agus rinneadh anailís mhionchruinn gheoicheimiceach agus gheochobhsaíochta. Is féidir suímh na láithreán seo a fheiceáil i bhFigiúr 1. Ríomhadh toirt dramhaíola do níos mó ná 300 mianach, le toirteanna ag dul ó na céadta tonna chuig na milliúin tonna. Measúnaíodh cobhsaíocht struchtúrtha thart ar 500 gné lena n-áirítear dambaí fuíll, tollbhealaí, fánaí, sloic, coirp uisce mianach agus foirgnimh. Forbraíodh prótacail samplála mhionsonraithe agus dearadh dréacht-mhodheolaíocht chun iad a rangú. Táthar ag súil leis an tionscadal seo a thabhairt chun críche in 2008.

Talamh Éillithe

I 2007, rinne an EPA imscrúdú ar ghearán a bhain le héilliú miotail throim ag an bPáirc Theas, An Cladach, Cathair na Gaillimhe. D'iarr an EPA ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe tuarascáil a thabhairt dóibh faoina cuid imscrúduithe agus d'éiligh sé uirthi measúnú riosca agus moltaí do bhearta feabhais a sholáthar. I mí Aibreáin 2007 d'aontaigh an EPA go raibh an measúnú riosca sásúil, agus d'aontaigh sé leis an moladh feabhais fadtréimhseach ithir ghlan a chur ar barr chuid thuaidh an láithreáin. I mí na Nollag 2007, bhí na páirceanna réidh le haghaidh úsáid caitheamh aimsire arís.

Figiúr 1: Suímh na Láithreán Mianaigh Stairiúla in Éirinn Atá Faoi Imscrúdú

AN OIFIG UM MEASÚNACHT COMHSHAOIL

Tá an Oifig um Measúnacht Comhshaoil freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar an uisce agus ar an aer sa timpeallacht, as cláir mhonatóireachta náisiúnta a ullmhú agus as clár náisiúnta hidriméadrach, as cabhair samplála agus saotharlainne d'údaráis áitiúla agus as monatóireacht agus seirbhísí éagsúla maidir le saotharlanna a chur ar fáil mar thacú le feidhmeanna ceadúnaithe agus forfheidhmithe an EPA.

Tá an Oifig freagrach chomh maith a an méid seo a leanas: clár taighde comhshaoil náisiúnta a chomhordú; bunachair shonraí comhshaoil a bhunú; uirlisí measúnaithe, cosúil le Córais Faisnéise Tíreolaíochta (GIS), a fhorbairt agus a úsáid; taighde beartais chomhshaoil straitéisigh a dhéanamh; tuarascálacha tráthrialta a sholáthar ar chaighdeán an chomhshaoil; agus tuarascálacha tréimhsiúla ar Staid na Timpeallachta a fhoilsiú. Chomh maith leis sin, tagann gnéithe tábhachtacha de Chreat-Treoir Aeir an AE agus de Chreat-Treoir Uisce an AE a chur i bhfeidhm faoi shainordú na hOifige. Feidhmíonn an Oifig Lárphointe Náisiúnta na hÉireann don Ghníomhaireacht Chomhshaoil Eorpach (EEA), déanann sí maoirseacht ar Mheasúnú Straitéiseach Comhshaoil agus comhordaíonn sí gníomhaíocht an EPA maidir le hithreacha agus bithéagsúlacht.

Bunaíodh aonad nua um ithreacha agus bithéagsúlacht laistigh den EPA in 2007, chun obair an EPA sa réimse seo a chomhordú. Oibreoidh an t-aonad leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus le gníomhaireachtaí agus grúpaí eile agus baint acu le bithéagsúlacht a chosaint.

TAIGHDE AGUS MEASÚNÚ

Tuairisciú Comhshaoil

Is príomhstaitisticí iad táscairí comhshaoil a thugann achoimre ar shaincheist comhshaoil áirithe. Luíonn a láidreacht as faisnéis ghonta, atá inchreidte go heolaíoch a sheachadadh, ar féidir le cinnteoirí rochtain éasca a fháil air. Go bunúsach is í a n-aidhm rudaí a dhéanamh níos simplí, níos fairsinge agus rudaí a chur in iúl.

Tháirg an EPA dhá Thuarascáil bunaithe ar Tháscairí in 2007.

Foilsíodh Cáilíocht Uisce in Éirinn 2006 – Príomhtháscairí den Timpeallacht Uisceach i mí Dheireadh Fómhair 2007 agus cuireann sé staitisticí coimrithe ar fáil faoin bhfaisnéis is déanaí maidir le cáilíocht uisce.

De réir thorthaí na tuarascála:

- Bhí cáilíocht uisce shásúil i 71 faoin gcéad d'fhad na gcainéal aibhneacha agus i 92 faoin gcéad den achar locha a rinneadh scrúdú orthu;
- Bhí 19% de na coirp uisce inbhearacha/cósta a scrúdaíodh eotrófach (ró-shaibhrithe) agus d'fhéadfadh 3 faoin gcéad eile éirí eotrófach;
- Bhí 57 faoin gcéad de na láithreacha samplála screamhuisce éillithe ag bachaillíní drólannacha faecacha;
- Sháraigh thart ar 25 faoin gcéad de na láithreacha screamhuisce a scrúdaíodh an luach treorach náisiúnta do thiúchan níotráite i gcás uisce ólacháin agus sháraigh dó faoin gcéad acu an teorainn éigeantach;
- Tá cáilíocht fhoriomlán na n-uiscí snámha in Éirinn an-mhaith fós;
- Cé gur laghdaíodh ar líon na n-eachtraí a rinneadh slad éisc i gcomparáid le 2005, tá sé fós ag leibhéal an-ard nach bhfuil inghlactha.

Léiríonn an graf thíos treochtaí a tharla le déanaí i gcáilíocht uisce in aibhneacha na hÉireann.

Figiúr 2:
Treochtaí i gCáilíocht Uisce in Aibhneacha na hÉireann 1987 – 2006



Is é Cáilíocht Aeir in Éirinn in 2006 – Príomhtháscairí de Cháilíocht Aeir sa Timpeallacht an dara tuarascáil táscaire agus thug sé forbhreathnú ar threochtaí maidir le cáilíocht aeir bunaithe ar shonraí monatóireachta ó 24 stáisiún. De réir na tuarascála:

- Bhí cáilíocht mhaith aeir ar fud na tíre, ag comhlíonadh na gcaighdeán AE uile;
- Bhí na leibhéil is airde d'ábhar cáithníneach (PM_{10}) sna bailte níos lú toisc nach raibh ach úsáid theoranta á baint as breosla neamhthoiteach;
- Bhí leibhéil na dé-ocsaíde nítrigine agus an ábhair cháithnínigh (PM_{10}) san aer i lárionaid uirbeacha de dheasca an tráchta ina gcúis imní dá dtiocfadh méadú breise orthu;
- Bhí tiúchan leibhéil cháithníní (PM_{10}) ar an meán mar a chéile i ngach ionad daonra de bhrí go n-úsáideann na bailte móra agus na cathracha breosla gan toit anois.

Is féidir teacht ar na Tuarascálacha Táscaire seo san Ionad Íoslódála ar láithreán gréasáin an EPA www.epa.ie.

Faisnéisíocht/Córais Faisnéise Tíreolaíochta (GIS)

Leanadh ar aghaidh le tacaíocht GIS agus faisnéisíochta maidir le forfheidhmiú an Chreat-Treoir Uisce, agus chuimsigh sé ullmhú chun tacair shonraí náisiúnta a chur faoi bhráid na hEorpa in 2008. San áireamh ar na gníomhaíochtaí eile bhí forbairt leanúnach ar uirlis múnlaithe Cumais Chomhshamhlaithe d'aibhneacha, chun tacú le gníomhaíochtaí ceadúnaithe agus forfheidhmiúcháin an EPA, chomh maith le huirlis GIS a fhorbairt le cabhrú leis an EPA chun a cuid freagrachtaí a chomhlíonadh mar Údarás Comhshaoil don Treoir um Measúnú Straitéiseach Comhshaoil.

I Meán Fómhair 2007, sheol an tUasal John Gormley TD, an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil *ENVision*, feabhas mór ar láithreán gréasáin an EPA. Cuireann an breathnóir ar líne seo ar chumas daoine rochtain a fháil ar fhaisnéis comhshaoil faoina limistéar áitiúil, nó faoi aon réigiún in Éirinn, rud a chiallaíonn go bhfuil rochtain níos éasca ag an bpobal ar shonraí comhshaoil a bhailíonn an EPA. Trí fhaisnéis comhshaoil dá leithéid a chur ar fáil don phobal, cuirtear feabhas ar rochtain an phobail ar fhaisnéis fhíor agus thábhachtach ar an gcomhshaol.

Trí mheán *ENVision*, féadann an pobal rochtain a fháil ar fhaisnéis EPA faoi cháilíocht aeir, cháilíocht uisce agus áiseanna ceadúnaithe ag an EPA. Tá faisnéis níos teicniúla ar fáil freisin sna réimsí a bhaineann le hithreacha, fo-ithreacha agus léarscáiliú clúdaigh talún. Cuirfear faisnéis bhreise ar fáil a luaithe is féidir go teicniúil.

Cáilíocht Uisce Snámha

Seoladh an Tuarascáil ar Cháilíocht an Uisce Snámha in Éirinn 2006 i mí na Bealtaine 2007. Fuair an tuarascáil go raibh cáilíocht fhoriomlán an uisce snámha ag leibhéal ard fós i 2006 – chomhlíon 97 faoin gcéad de na limistéir snámha na caighdeáin éigeantacha agus chomhlíon 90 faoin gcéad de na limistéir snámha na treoirchaighdeáin AE atá i bhfad níos doichte. Mar sin féin, níor chomhlíon líon beag limistéir snámha na híoschaighdeáin éigeantacha.

Moltar d'údaráis áitiúla níos mó limistéir snámha a ainmniú chun a chinntiú go gcosnaítear sláinte an phobail i ndáil leis an snámh.

Tá léarscáil de cháilíocht an uisce snámha in Éirinn le fáil i bhFigiúr 3.

Taighde Comhshaoil

Ba bhliain thábhachtach í 2007 do thionscnaimh taighde comhshaoil an EPA. I mí Dheireadh Fómhair, seoladh clár taighde nua ar a dtugtar STRIVE (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Taighde agus Nuálaíocht don Chomhshaol). Dáileadh €101 milliún in iomlán le clár taighde comhshaoil STRIVE an EPA don tréimhse 2007-2013. Maoineofar é seo tríd an bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 agus tríd an gCoiste Idir-Rannach um an Straitéis don Eolaíocht, Theicneolaíocht agus Nuálaíocht (IDC-SSTI).

Ag seoladh ENVision tá an tUasal John Gormley T.D. (an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil), an tUasal Larry Stapleton, (Stiúrthóir, EPA) agus an Dochtúir Mary Kelly (Ard-Stiúrthóir, EPA).

Figiúr 3: Léarscáil a Léiríonn Cáilíocht an Uisce Snámha in Éirinn 2006

Tá sé d'aidhm ag an gclár STRIVE taighde a mhaoiniú a dhíreoidh ar na príomhcheisteanna bainistíochta comhshaoil, a chosnóidh agus a fheabhsóidh an comhshaol nádúrtha faoi dheoidh. Maoinítear taighde faoi na príomhthopaicí de cháilíocht aeir, bhithéagsúlacht, chomhshaol agus sláinte, theicneolaíochtaí comhshaoil, athrú aeráide, úsáid na talún, ithreacha agus iompar, shocheacnamaíocht, cháilíocht uisce, bhainistíocht dramhaíola agus acmhainní. Tugann sé sin deis mhór d'Éirinn cumas taighde agus forbartha a thógáil agus bheith ina threoraí domhanda i réimsí nideoige. I rith 2007, tugadh 29 tionscadal taighde chun críche, agus tá na tuarascálacha taighde uile ar fáil ar láithreán gréasáin an EPA, ag www.epa.ie, rud a chuireann acmhainn luachmhar ar fáil d'aon duine le suim i gcaomhnú comhshaoil.

Treoir um Measúnú Straitéiseach Comhshaoil (SEA)

Le Measúnú Straitéiseach Comhshaoil déantar measúnú ar na héifeachtaí comhshaoil suntasacha is dóigh a bheidh ag pleananna agus ag cláir sula nglacfar leo.

Is ceann de na trí údarás comhshaoil ainmnithe í an EPA in Éirinn faoi Rialacháin SEA. Éilíonn Rialacháin SEA go gcaithfidh údaráis inniúla dul i gcomhairle leis na húdaráis chomhshaoil ainmnithe agus pleananna agus cláir ar leithligh a chur faoi réir mheasúnú comhshaoil. Is é cuspóir na rialachán ná leibhéal ard caomhnaithe comhshaoil agus comhtháthú a dhéanamh ar ábhair chomhshaoil isteach i bpleananna agus i gcláir chun forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn.

In 2007 rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le forbairt córas agus nósanna imeachta níos éifeachtaí chun feabhas a chur ar an bpróiseas SEA agus chun dea-chleachtas a chur chun cinn. Áirítear orthu sin forbairt leanúnach Uirlis Cuardaigh agus Tuairiscithe GIS uathoibríoch agus Seicliosta Próisis SEA.

Lena chois sin, tugadh an chéad Chomhaltacht Taighde EPA a bhain le SEA chun críche i mí Dheireadh Fómhair 2007. Ag deireadh 2007 bhí 85 SEA ar siúl

Monatóireacht ar Thorann sa Chomhshaol

Ainmníonn na Rialacháin um Thorann Comhshaoil 2006 comhlachtaí um léarscáiliú torainn agus údaráis um pleanáil gníomhaíochta chun léarscáileanna torainn straitéiseacha agus pleananna gníomhaíochta a dhéanamh. Sanntar an fhreagracht phríomhúil as an dá fheidhm sin d'Údaráis Áitiúla. Ainmnítear an EPA mar an Údarás Áitiúil chun críche na Rialachán, agus cuimsíonn ár ról feidhmeanna maoirseachta, comhairleacha agus comhordaithe i ndáil le léarscáiliú torainn agus pleanáil gnímh, le cois ceanglais tuairiscithe chun críche na Treorach.

Tugadh an chéad sraith de léarscáileanna torainn straitéiseacha d'Éirinn chun críche i rith na bliana. Thug Éire tuairisc don Choimisiún Eorpach roimh dheireadh 2007 faoina dul chun cinn maidir lena hoibleagáidí a chomhlíonadh faoi na Rialacháin um Thorann Comhshaoil. Beidh na léarscáileanna torainn straitéiseacha seo ar fáil trí mheán córas léarscáilithe *ENVision* an EPA ar láithreán gréasáin an EPA in 2008.

Clúdach Talún – Corine

I dteannta na héifeachta láithrí a bhíonn ag cleachtais úsáide talún ar cháilíocht ithreach, bíonn impleachtaí acu do cháilíocht aeir agus uisce freisin. Cuireann athruithe neamh-inbhuanaithe ar úsáid talún brúnna breise ar an gcomhshaol. Tá faisnéis ar athruithe dá leithéid riachtanach chun meastóireacht a dhéanamh ar thionchar beartais phoiblí. Choimisiúnaigh an EPA léarscáil clúdaigh talún/úsáide talún in Éirinn mar chuid de thionscnamh Chlúdach Talún Corine na hEorpa, ina gcomhordaíonn Gníomhaireacht Comhshaoil na hEorpa léarscáiliú clúdaigh talún fhormhór na hEorpa. Tá nuashonrú de Chlúdach Talún Corine d'Éirinn in 2006 ar siúl faoi láthair agus tabharfar chun críche é i samhradh 2008.

An Chartlann Náisiúnta Ithreacha

Tháirg tionscadal taighde maoinithe ag an EPA bunachar sonraí bunlíne do gheoicheimic ithreacha in Éirinn. Cruthaíodh Cartlann Náisiúnta Ithreacha dá bharr agus cuimsíonn sí samplaí ithreach agus cartlann d'aigéid núicléasacha araon. Beidh sonraí ó na

samplaí ar fáil don phobal i gcoitinne ar láithreán gréasáin Ionad Taighde Comhshaoil an EPA (http://coe.epa.ie/safer) ó mhí an Mhárta 2008 ar aghaidh.

Taighde Beartais

Déanann an tAonad Taighde um Beartas Straitéiseach taighde i roinnt réimsí mar dhramhaíl, fhuinneamh agus an comhshaol. Le linn 2007, d'ullmhaigh an tAonad páipéar díospóireachta dar teideal "Hitting the Targets for Biodegradable Municipal Waste: Ten Options for Change", atá le foilsiú i gcomhar leis an Tuarascáil Náisiúnta Dramhaíola go luath in 2008. Rinne an tAonad taighde chomh maith ar an mbealach a d'fhéadfadh an EPA feabhas a chur ar a feidhmíocht chomhshaoil féin.

Gníomhaireacht Comhshaoil na hEorpa

Is líonra comhpháirtíochta é EIONET (Líonra Faisnéise agus Breathnadóireachta na hEorpa) idir Ghníomhaireacht Comhshaoil na hEorpa (EEA) agus na tíortha atá ina mbaill de agus atá rannpháirteach. Cuimsíonn sé beagnach 900 saineolaí ó 37 tír i mbreis agus 300 gníomhaireacht comhshaoil náisiúnta agus comhlachtaí eile a dhéileálann le faisnéis faoin gcomhshaol.

Is iad na Pointí Fócasacha Náisiúnta (NFP) na naisc/teagmhálacha príomhúla idir an EEA agus páirtithe náisiúnta EIONET. Agus í ag feidhmiú ina ról mar NFP d'Éirinn lean an EPA le comhordú a dhéanamh ar mhalartú faisnéise comhshaoil leis an EEA agus le forbairt agus cothabháil an líonra náisiúnta agus le teagmhálacha, iarratais agus seachadtaí a éascú agus a chomhordú idir leibhéal náisiúnta agus AE.

TIMPEALLACHT UISCEACH

An Chreat-Treoir Uisce (WFD)

Is í an Chreat-Treoir Uisce an fhorbairt is mó i réimse bheartas uisce an AE go dtí seo. Cuireann an Treoir creatlach uileghabhálach agus clár ar fáil chun cosaint fhadtéarmach a thabhairt d'uisce. Tá sé d'aidhm aici uisce le stádas ard agus le stádas maith a chaomhnú, cosc a chur ar dhochar breise do cháilíocht uisce agus an screamhuisce agus uisce dromchla ar fad a bhí díghrádaithe a athchóiriú nó go mbainfidh siad stádas maith amach.

In 2007:

- Sheol an EPA tuarascáil choimrithe de *Chlár Monatóireachta na Creat-Treorach Uisce* chuig an gCoimisiún Eorpach i mí an Mhárta 2007. Cuireadh tús le cur i bhfeidhm an chláir mhonatóireachta nua seo i mí Eanáir 2007 agus cuireadh gnéithe EPA an chláir i bhfeidhm go hiomlán ó mí Iúil ar aghaidh.
- D'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach tuarascáil faoi fheidhmíocht Bhallstáit an AE i gcur i bhfeidhm na Creat-Treorach Uisce. Bhain Éire na pointí is fearr amach ó thaobh riachtanais tuairiscithe Airteagal 3 agus Airteagal 5 den Treoir a bhaint amach (féach Figiúr 4).
- D'fhoilsigh an EPA Caighdeáin Cháilíochta Mholta d'Aicmiú Uisce Dromchla le haghaidh comhairliúcháin i mí Iúil 2007. Cuireadh na tuairimí a fuarthas san áireamh nuair a bhí bailchríoch á cur leis an gclár.

Monatóireacht ar Cháilíocht an Uisce

Tionscnaíodh clár nua monatóireachta uisce náisiúnta in 2007, arna dhearadh chun riachtanais na Creat-Treorach Uisce a chomhlíonadh, i dtaobh uiscí dromchla agus screamhuisce. Beidh imscrúdú cuimsitheach ar an gceithre phríomhghné bitheolaíochta uisceach, liosta sínte de pharaiméadair cheimiceacha agus fhisiceimiceacha agus ghnéithe hidreamhoirfeolaíocha, ina chuid riachtanach den chlár seo. Bainfear leas as an gclár chun cáilíocht an uisce a measúnú ag láithreáin aibhneacha, locha, taoide agus

screamhuisce a léiríonn gach cineál agus brú in Éirinn agus i gcoirp uisce shaorga agus atá mionathraithe go mór agus in éiceachórais talún a braitheann ar screamhuisce chomh maith.

An Clár Hidriméadrach

Is iad cuspóirí an Chláir Hidriméadraigh sonraí ábhartha ardchaighdeáin a tháirgeadh faoi shreabha agus leibhéil uisce chun tacú le dearadh bonneagair mhóir, mar shampla, astarraingtí ó sholáthar uisce agus tógáil droichid, agus monatóireacht a dhéanamh chun tacú le spriocanna comhshaoil cosúil le spriocanna na Creat-Treorach Uisce. Leagann an Treoir sin béim ar an ngá tuiscint a fháil ar na hidirghníomhaíochtaí idir uisce dromchla agus screamhuisce agus mar sin is tosaíocht anois í monatóireacht a dhéanamh ar bhunsruthanna tábhachtacha agus tá sé beartaithe tollphoill mhonatóireachta nua a chruthú. Mar aon le háiteanna eile, tugann na réamh-mheastacháin faoi thionchar an athraithe aeráide ar Éirinn le fios go n-athróidh patrúin báistí agus go mbeidh impleachtaí i gceist leis sin d'acmhainní uisce agus d'infhaighteacht soláthairtí uisce; leagann sé seo béim ar an ngá leanúnach monatóireacht hidriméadrach a dhéanamh ar aibhneacha, lochanna agus ar screamhuisce.

SEIRBHÍSÍ SAOTHARLAINNE

Glacadh thart ar 23,400 sampla in 2007 a ndearnadh anailís orthu maidir le réimse paraiméadar ceimice agus, nuair ba chuí sin, micribhitheolaíochta. Bhí thart ar 350,000 beart tomhais anailíse ar fad i gceist leis seo, sin méadú beag ar 2006. Tógadh na samplaí as aibhneacha, locha, screamhuisce, uisce taoide, síothlú ó líonadh talún, eisilteach agus astuithe aeir. Mar chuid de chláir mhonatóireachta náisiúnta, lena n-áirítear cláir Oibriúcháin agus Faireachais na Creat-Treorach Uisce (WFD), i dtaca leis an bhforfheidhmiú comhshaoil agus maidir le cláir réigiúnacha thar ceann údarás áitiúil san oirdheisceart, san iarthar agus san oirthuaisceart a rinneadh an obair.

Figiúr 4:
Comparáid AE idir Ghéilliúntas Ballstát do Thuairisciú na Creat-Treorach Uisce



Figiúr 5: Suíomh na láithreán monatóireachta reatha agus bailte inar ullmhaíodh tuarascálacha measúnaithe



Bhog saotharlann Chill Chainnigh na hoibríochtaí go léir go dtí an áitreabh nua saindeartha. Rinneadh uasghrádú ar raon leathan trealaimh shaotharlainne sna saotharlanna uile i gcomhthráth leis an obair méadaithe don WFD. Chuimsigh sé seo HPLC/MS a thabhairt isteach i mBaile Átha Cliath le hanailís a dhéanamh ar Thruailleáin Tosaíochta WFD, a tugadh d'fhoinsí lasmuigh do 2007-2008.

An Clár Idirchalabrúcháin

Tháinig ardú de 3 cinn, go dtí 124, ar líon iomlán na saotharlanna atá páirteach i gclár idirchalabrúcháin an EPA in 2007. Tá saotharlanna de chuid údarás áitiúil agus saotharlanna ar conradh, saotharlanna eile a chuireann sonraí ar fáil don EPA agus cúig shaotharlann réigiúnach de chuid an EPA san áireamh. I Meán Fómhair 207 rinneadh nuashonrú ar chlár na saotharlann, a bhforáiltear dó faoi Alt 66 d'Acht an EPA 1992, agus atá ar fáil d'fhonn a iniúchta i gCeanncheathrú an EPA agus ag www.epa.ie.

An Líonra Monatóireachta Aeir

Tá gach gníomhaíocht a bhaineann le monatóireacht aeir ar fud na tíre ar fáil, ach comhéadan léarscáil-bhunaithe a úsáid, ar láithreán gréasáin an EPA. Léiríonn an léarscáil thíos suíomh na láithreán monatóireachta reatha agus bailte inar ullmhaíodh tuarascálacha measúnaithe.

I rith 2007, tugadh monatóireacht chun críche ag gach ceann de na 15 bhaile mheánmhéide (Crios C) in Éirinn. Áiríodh ar na láithreáin mhonatóireachta nua in 2007 Port Láirge, an Uaimh agus an Pasáiste (Cuan Chorcaí).

Déantar cáilíocht a dheimhniú trí pháirt a ghlacadh i gcomparáidí idir tíortha ar fud na hEorpa maidir le gáis neamhorgánacha, miotail agus comhdhúile orgánacha luaineacha.

ROINN 2 EAGRAÍOCHT ARDFHEIDHMÍOCHTA A FHOBAIRT

Chomh maith le spriocanna comhshaoil a aithint, aithníonn *2020Vision* ár sprioc eagraíochta EPA mar Eagraíocht Ardfheidhmíochta a Fhorbairt. Ór tionscnaíodh í tá an EPA i gcónaí ag forbairt agus ag athrú chun tosaíochtaí athraitheacha a chomhlíonadh, arna stiúradh go príomha ag riachtanais agus ionchais ár bpáirtithe leasmhara. Tríd an bhfís agus na spriocanna a léiríodh thuas a bhaint amach, leanfaimid orainn ag forbairt ár n-eagraíochta agus ag lorg slite le feabhas a chur uirthi. Tá eagraíocht de scoth domhanda a fhorbairt, a oibríonn go gasta agus go héifeachtach, a dhéanann comhpháirtíochtaí éifeachtacha agus, an ceann is tábhachtaí, a sheachadann torthaí comhshaoil dearfacha, fós mar ár sprioc uileghabhálach. Ba mhian linn cur lenár gcáil agus cinntiú go bhféachfar orainn mar eagraíocht a bhfuil láidreachtaí aici sna ceithre phríomhréimse seo a leanas:

Daoine Inniúla/Tiomanta – Sainghrúpa, tiomanta do chaomhnú comhshaoil, ag feidhmiú ár bpleananna gníomhaíochta gan staonadh.

Laoch don Chaomhshaol – Guth láidir, neamhspleách ag díriú ar na saincheisteanna láithreacha agus amach anseo.

Dírithe ar an gCustaiméir – Ag éisteacht agus ag freagairt go tapa, riachtanais pháirtithe leasmhara a réamh-mheas, seirbhís ardchaighdeáin a sheachadadh.

Éifeachtach ó thaobh Eagrúcháin de – Seirbhís a thugann luach ar airgead gan dúbailt ar bith, modhanna oibre cliste agus eagraíocht an-solúbtha.

AN OIFIG CHUMARSÁIDE AGUS SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDE

Cuireann an Oifig Chumarsáide agus Seirbhísí Corparáide (OCCS) na córais agus na struchtúir eagrúcháin bhunriachtanacha ar fáil a ligeann don EPA an sainordú atá aige a chur i gcrích go críochnúil agus spriocanna *2020Vision* a bhaint amach.

Tá bainistiú acmhainní daonna, sláinte agus sábháilteacht, oiliúint agus forbairt foirne, airgeadas, bainistíocht ar áiseanna, caidreamh meán agus cumarsáid, foilseacháin, seirbhísí leabharlainne agus taispeántais agus forbairt agus cúnamh maidir le teicneolaíocht faisnéise san áireamh ar fheidhmeanna an OCCS.

Tá an Oifig freagrach chomh maith as straitéis eagrúcháin agus pleanáil ghnó, rialachas corparáide, lena n-áirítear iniúchadh inmheánach agus comhordú na dtionscnamh um sheirbhís ardchaighdeáin don chustaiméir ag an EPA.

Rialachas Corparáideach

Tá an EPA tiomanta do chloí leis na caighdeáin rialachais chorparáidigh is airde agus cultúr an dea-rialachais a leabú i ngach Oifig agus aonad gnó dá cuid. Mar chuid den chur i bhfeidhm leanúnach ar an *gCód Cleachtais maidir le Rialachas Chomhlachtaí Stáit*, lean an EPA ag déanamh iniúchtaí inmheánacha faoi mhaoirseacht an Choiste Iniúchta Inmheánaigh. Bunaíodh Coiste Iniúchta Inmheánaigh nua in Eanáir 2007 agus beidh sé in oifig ar feadh tréimhse trí bliana. Thionóil an Coiste 4 chruinniú in 2007. D'fhorbair an Coiste Iniúchta Inmheánaigh agus Bord an EPA Plean Iniúchta Inmheánaigh chun an tréimhse 2008 – 2009 a chlúdach agus aontaíodh air. Le linn 2007, rinne an EPA athbhreithniú ar reachtaíocht chorparáideach a bhfuil sé de dhualgas uirthi cloí léi de réir an dlí agus thosaigh sí ar chóras a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar ghéilliúntas don reachtaíocht chorparáideach sin.

Seirbhís Ardchaighdeáin don Chustaiméir (QCS)

Tá Cairt Chustaiméirí an EPA le fáil ar láithreán gréasáin an EPA. D'aithin an Plean Gníomhaíochta QCS 2007 spriocanna straitéiseacha an EPA maidir le seirbhís don chustaiméir agus thug

sé 12 phrionsabal QCS an Rialtais faoi deara. Is iad seo a leanas na príomhthionscnaimh sa Phlean QCS 2007 chun seirbhís don chustaiméir a fheabhsú:

- Seachadadh Seirbhíse a Fheabhsú
- Iontaoibh a Bhunú le Comhphobail agus Páirtithe Leasmhara
- Treoir a Fhorbairt
- Feabhas a chur ar Sheirbhís Inmheánach do Chustaiméirí
- Feidhmíocht na Seirbhíse don Chustaiméir a Thomhas

D'aithin gach oifig gníomhartha ar leith faoi gach ceann de na tionscnaimh seo. Tuairiscíodh ar chur i bhfeidhm an Phlean do Bhord an EPA ar bhonn ráithiúil. Mar chuid d'éachtaí suntasacha QCS le linn 2007 bhí athchóiriú láithreán gréasáin an EPA, forbairt *ENVision* breathnadóir léarscáile comhshaoil idirghníomhach, cáipéisí ceadúnúcháin a sholáthar i bhfoirm leictreonach ar an láithreán gréasáin agus seoladh na bileoige *An bhfaca tú rud éigin – Abair rud éigin* chun go mbeadh sé níos éasca don phobal gearán a dhéanamh faoin gcomhshaol.

Thug an EPA faoi roinnt gníomhaíochtaí chun feidhmíocht na seirbhíse don chustaiméir a thomhas le linn na bliana. San áireamh iontu seo bhí suirbhé siopadóireachta rúnda, iniúchtaí inmheánacha ar Chóid Chleachtais QCS an EPA agus córas rianaithe píolótach chun monatóireacht a dhéanamh ar cheisteanna arna bhfáil ó chustaiméirí EPA

Fuarthas trí ghearán ó chustaiméirí in 2007 agus déileáladh leo.

Cumarsáid

Rinne oifig chaidrimh mheán an EPA plé le breis agus 948 fiosrúchán meán in 2007, sin ardú 28 faoin gcéad ar an mbliain roimhe. Chuir sé sraith d'ailt mhíosúla rathúla i nuachtáin réigiúnacha chomh maith. Scríobhadh na hailt ar shaincheisteanna éagsúla a bhain leis an EPA agus bhí siad go léir curtha in oiriúint don chontae/réigiún a bhí i gceist.

I bhFeabhra 2007 foilsíodh agus scaipeadh cáipéis Bhuaicphointí na Bliana an EPA, a thugann eolas ar phríomhbhearta an EPA le bliain anuas, agus scaipeadh trí cinn de nuachtlitreacha corparáideacha *EPANews* le síntiúsóirí le linn na bliana.

Bhí an EPA ina hurraitheoir ar an tríú comhdháil bhliantúil *Environment Ireland* i Meán Fómhair. Cuireann an comhdháil fóram ar fáil chun forbairtí suntasacha i mbeartas comhshaoil Thuaidh agus Theas a plé. Bhí 'I dTreo 2020: Todhchaí an Chomhshaoil in Éirinn' mar théama na Comhdhála i mbliana agus bhí sé bunaithe ar spriocanna agus ar chuspóirí *Fís2020*. Bhí sé dírithe go mór ar na hathruithe agus tionscnaimh a bhfuil gá leo anois – i réimsí cosúil le hathrú aeráide, bainistíocht dramhaíola, bainistíocht uisce agus iompar – chun na bunsraitheanna a bhunú d'fhonn na spriocanna dúshlánacha arna leagadh amach ag *Fís2020* a chomhlíonadh.

Bhí caidreamh idir foireann an EPA aguleas na páirtithe leasmhara ag raon imeachtaí náisiúnta agus áitiúla le linn na bliana, ar a n-áirítear Taispeántas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta BT agus an Comórtas Náisiúnta Treafa.

Láithreán Gréasáin an EPA

Athsheoladh láithreán gréasáin an EPA i mí na Bealtaine 2007 agus i dtuarascáil ríomhrialtais de chuid an AE dúradh an méid seo a leanas faoi, "déanta go han-mhaith...Tá sé eagraithe de réir riachtanas an úsáideora agus tugann sé rochtain feabhsaithe ar an ábhar". Cuireadh áis idirghníomhach bunaithe ar léarscáileanna ar a dtugtar *ENVision* leis an láithreán i mí Mheán Fómhair. Ligeann sé d'úsáideoirí faisnéis a fháil faoi cháilíocht an chomhshaoil san áit a bhfuil cónaí orthu.

Oideachas

Fuair gach bunscoil agus meánscoil ar fud na tíre pacáiste acmhainní oideachais ón EPA i mí na Samhna. Bhí CDanna agus DVDanna le hábhar saincheaptha sa phacáiste, chomh maith le póstaeir fhrith-bhrúscair agus faisnéis ar sheirbhísí ábhartha an EPA ar nós an áis ar líne *ENVision*.

Lean an EPA ag cur leis an sraith teilifíse *EcoEye* in 2007. Craoladh cúigiú sraith ar RTE 1 go luath san Earrach. Bhraith iomlán de 360,000 lucht féachana ar an meán ar gach clár. Bhí an séú sraith de *EcoEye* á forbairt le linn na bliana le craoladh sa chéad ráithe de 2008.

Bhí an EPA ina hurraitheoir ar chlár ar Athrú Aeráide chomh maith i sraithe nua eolaíochta dar teideal *The Investigators* ag tarraingt aird ar chuid den obair iontach atá á dhéanamh ag taighdeoirí eolaíochta na hÉireann. Craoladh é go déanach istoíche ar RTE 1 agus ba é meánlíon an luchta féachana do gach clár ná 150,000.

Síneadh Clár na dTithe Glasa, arna fhorbairt in 2006 i gcomhpháirtíocht idir an EPA agus An Taisce, le 18 bpobal áitiúil le linn na bliana Is í aidhm an chláir ná tacú le gníomhartha dearfach comhshaoil idir dhaoine fásta trí chomhairle phraiticiúil a chur ar fáil, ag cur le líonra na scoileanna glasa.

Cumarsáid Inmheánach

Mar eagraíocht atá ag fás agus a bhfuil clúdach geografach leathan aici, leanann cumarsáid idirnáisiúnta de bheith fíorthábhachtach in oibríochtaí an EPA. Tionóladh roinnt ceardlanna timpeallachta don fhoireann le linn 2007 agus mar thoradh orthu siúd forbraíodh straitéis chumarsáide inmheánaí a bheidh le cur i bhfeidhm in 2008. Tá ról tábhachtach ag coiste comhpháirtíochta an EPA, *Meitheal*, a luaitear thíos, i monatóireacht a dhéanamh ar chumarsáid inmheánach laistigh den EPA agus í a fheabhsú. Le linn 2007, d'eagraigh *Meitheal* an lá malairte faisnéise bliantúil ar a fhreastal baill foirne an EPA ó na réigiúin uile.

Acmhainní Daonna

Tá 290 ball foirne in iomlán ag an EPA ag deireadh 2007. Tá 140 ball den fhoireann lonnaithe ag Ceanncheathrú an EPA i Loch Garman agus fuílleach na foirne lonnaithe in Oifigí Cigireachta Réigiúnacha agus in Oifigí eile ar fud na tíre.

Forbraíodh Cód Cleachtais um Earcaíocht agus foilsíodh Treoir Forbartha Gairme don fhoireann. Forbraíodh agus seachadadh Cúrsa Agallaimh Bunaithe ar Inniúlacht. Cuireadh an t-athbhreithniú ar Nósanna Imeachta agus Bheartais Acmhainní Daonna i gcrích agus foilsíodh an 2ú eagrán den Lámhleabhar d'Fhostaithe go leictreonach. Cuireadh iomlán de 13 Chomórtas Earcaíochta i gcrích in 2007.

Rinneadh tuilleadh forbartha ar an gCóras Bainistíochta Faisnéise um Acmhainní Daonna agus rinneadh uasghrádú ar an gcóras Ama agus Freastail. Bunaíodh Grúpa Oibre ar Shoiléiriú Róil chun athbhreithniú a dhéanamh ar ról agus fhreagrachtaí na mBainisteoirí Líne laistigh den EPA.

Seirbhísí Teicneolaíochta Faisnéise

In 2007, bhí seirbhísí teicneolaíochta faisnéise an EPA dírithe ar thacú le cur i bhfeidhm rialachán nua comhshaoil, agus ar thacú leis an sprioc fhadtéarmach d'fheabhsú leanúnach a dhéanamh ar bhailiú, mheasúnú agus sholáthar faisnéise, do na páirtithe leasmhara uile.

Forbraíodh córas ríomhaire nua chun bainistiú a dhéanamh ar bhailiú agus scaipeadh faisnéise maidir le hastuithe truailleán agus aistrithe dramhaíola na hÉireann Baileoidh an EPA an fhaisnéis seo ó láithreáin thionsclaíocha na hÉireann agus ina dhiaidh sin cuirfear í faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh don Chlár um Scaoileadh agus Aistriú Truailleán (PRTR). Táthar ag súil go gcuirfidh na fardail truaillithe seo ó láithreáin thionsclaíocha agus fhoinsí eile brú suntasach anuas ar na leibhéil truaillithe.

Le tacú le ról monatóireachta agus measúnaithe an EPA, tá teicneolaíocht nua curtha i bhfeidhm chun monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar cháilíocht an uisce ólacháin. Forbraíodh córas ríomhaire nua do bhainistiú na rialachán nua ar cheadúnú Ghléasraí Cóireála Fuíolluisce Uirbigh. Tá láithreán gréasáin nua curtha ar bun le húsáid ag Údaráis Áitiúla ar chuid den "Chlár

An Coiste Comhpháirtíochta, Meitheal, 2007.

Taispeántais maidir leis an gCosc". Chomh maith leis sin rinneadh feabhsuithe ar chórais inmheánacha an EPA chun éifeachtacht na bpróiseas inmheánach a fheabhsú.

Rinneadh uasghrádú ar líonra cumarsáide sonraí inmheánach chun cumas agus luas na rochtana a mhéadú ó oifigí réigiúnacha uile an EPA. Leagadh caighdeáin TF nua amach ag clúdach próiseas forbartha córas, rialú athraithe a bhainistiú, ríomhchlárú agus bunachair shonraí

Oiliúint agus Forbairt Foirne

Tá an EPA tiomanta go mór don fhoireann a fhorbairt agus oiliúint a chur orthu. Léirítear an tiomantas seo trí sprioc na hEarnála Poiblí de 4% den phárolla a chaitheamh ar Oiliúint agus Forbairt a bhaint amach nó a shárú go rialta. Tháinig an caiteachas díreach ar oiliúint sa bhliain go breis agus €690,000 in iomlán.

Bhí baill foirne páirteach i gclár de 221 cúrsa oiliúna, ceardlann, comhdháil agus seimineár, in Éirinn agus thar lear, i rith na bliana a mb'ionann a líon agus 2,342 lá oiliúna ar fad, ag tabhairt meán de 8 lá oiliúna in aghaidh an duine. Lean an EPA leis an gClár Forbartha Foirne a rolladh amach, arna chomhardú ag foghrúpa de *Meitheal*, Coiste Comhpháirtíochta an EPA. Is é cuspóir an cháir seo cur ar chumas rannpháirtithe na príomhinniúlachtaí iompair a aithint agus a fhorbairt atá riachtanach chun a gcumas a bhaint amach laistigh dá róil reatha agus amach anseo agus chun na scileanna agus na hinniúlachtaí atá riachtanach le n-obair i dtimpeallacht nua-aoiseach atá dírithe ar an gcustaiméir a thabhairt d'fhoireann an EPA. Tionscnaíodh clár oiliúna nua ag deireadh na bliana agus lean an EPA le bheith tiomanta do bhreisoideachas trí chuidiú le baill foirne cúrsaí staidéir a bhaineann le hábhar a leanúint ina gcuid ama féin.

Sábháilteacht, Sláinte agus Leas

Tá an EPA tiomanta do shábháilteacht, sláinte agus leas na foirne a chinntiú trí chloí go docht le Cóid Chleachtais/Caighdeáin Sláinte agus Sábháilteachta agus trí oiliúint oiriúnach, cláir feasachta sábháilteachta agus trealamh cosanta pearsanta a chur ar fáil. Coinníodh taifead sábháilteachta sármhaith an EPA agus níor tharla timpiste thromchúiseach ar bith sa láthair oibre le linn 2007.

In 2007, leanadh le béim a chur ar mheabhraíocht faoi chúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa, trí chlár oiliúna sábháilteachta fairsing a sholáthar lena n-áirítear clár faireachais sláinte a fhorbairt le rolladh amach thar thréimhse trí bliana don fhoireann go léir.

Rinne iniúchóir seachtrach iniúchadh ar Ráiteas Sábháilteachta an EPA agus ar a Clár Bainistíochta Sábháilteachta agus bhí toradh an-sásúil air. Roghnaíodh clár hidriméadrach mar cheann de na gníomhaíochtaí riosca tosaíochta le hiniúchadh go seachtrach agus cuireadh é seo i gcrích in 2007. Rinne na teicneoirí hidriméadracha uile oiliúint um measúnú riosca a bhaineann go sainiúil leis an réimse oibre seo.

Rinneadh iniúchtaí rochtana ag áitreabh an EPA in 2007 agus cuireadh plean forfheidhmiúcháin ar bun chun moltaí na n-iniúchtaí a chur i bhfeidhm. Tá an EPA tiomanta don Ghradam do Shármhaitheas trí Inrochtaineacht a bhaint amach arna riar ag an Údarás Náisiúnta Míchumais; cuireadh iarratais isteach ar dhá shuíomh i mí na Nollag.

Coiste Comhpháirtíochta an EPA

Tá Coiste Comhpháirtíochta (*Meitheal*) ar bun ag an EPA ó 1999 i leith. Tá an Coiste Comhpháirtíochta déanta suas d'ionadaithe bainistíochta, ceardchumainn agus foirne agus cinntíonn sé go nglactar cur chuige rannpháirteach i bplé le saincheisteanna agus dúshláin de réir mar a thagann siad chun cinn. Déanann *Meitheal* an chuid is mó dá cuid oibre trí fhoghrúpaí agus ullmhaítear plean gníomhaíochta gach bliain.

Le linn 2007, bhí ról suntasach ag *Meitheal* i bhforbairt leanúnach an Chórais Bhainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta don fhoireann, i gcomhordú tionscnaimh Sláinte agus Sábháilteachta, i nGlasú an EPA agus in dhá thuarascáil dul chun cinn a ullmhú ar an bPlean Gníomhaíochta 'I dTreo 2016'. Lean an foghrúpa ar eagrúchán agus forbairt foirne ag obair ar chláir fhorbartha foirne a ullmhú agus a chur i bhfeidhm.

Comhaontú Náisiúnta

Faoin gComhaontú Náisiúnta, 'I dTreo 2016', forbraíodh Plean Gníomhaíochta agus d'fhormheas an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil é in 2006. Pléann an plean gníomhaíochta saincheisteanna mar úsáid éifeachtach acmhainní, seirbhís don chustaiméir, ríomhrialtas agus solúbthacht agus nuachóiriú eagrúcháin.

Cuireadh an chéad Tuarascáil Dul Chun Cinn maidir le 'I dTreo 2016', don tréimhse Deireadh Fómhair 2006 – Márta 2007, faoi bhráid na Roinn agus formheasadh é in Aibreán 2007. D'éirigh leis an EPA a spriocanna feidhmíochta a bhaint amach agus rinne siad dul chun cinn suntasach ar raon leathan tionscnamh, lena n-áirítear go háirithe foilsiú Straitéis Chorparáideach an EPA *Fís2020*, cur i bhfeidhm an phlean iniúchta inmheánaigh, obair sa réimse ceadúnaithe agus idirchaidreamh le páirtithe leasmhara earnálacha agus grúpaí oibre.

Cuireadh an dara Tuarascáil Dul Chun Cinn, don tréimhse Aibreán – Nollaig 2007 isteach le faomhadh i mí na Nollag.

Bhí ról suntasach ag Coiste Comhpháirtíochta an EPA i maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm leanúnach Plean Gníomhaíochta I dTreo 2016.

Coiste Comhairleach

Bhí ceithre chruinniú ag Coiste Comhairleach an EPA le linn 2007. Lean an Coiste air ag cur comhairle úsáideach agus thráthúil ar an nGníomhaireacht ar raon de shaincheisteanna. Chuir an Coiste comhairle ar an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil chomh maith maidir lena himní faoi na himpleachtaí acmhainne a bheadh ag obair bhreise a shannadh don Roinn.

Bord an EPA

Bhí 45 cruinniú ag Bord an EPA in 2007, ar a raibh 32 cruinniú teicniúil inar pléadh iarratais ar cheadúnais, ionchúisimh agus saincheisteanna eile oibriúcháin agus 13 chruinniú ginearálta inar pléadh beartas corparáideach, saincheisteanna straitéise agus pleanála.

Saoráil Faisnéise (FOI)

Tháinig 14 iarratas FOI chuig an EPA in 2007 agus déileáladh le 2 cheann a tugadh ar aghaidh ó 2006. Astu sin, tugadh an fhaisnéis iomlán i gcás 5 iarratas acu, tugadh cuid den fhaisnéis i gcás 5 cinn eile, agus diúltaíodh 6 gcinn (sna cásanna seo níorbh ann do na taifid nó bhí siad ar fáil d'iniúchadh poiblí cheana féin). Rinneadh achomharc chuig an gCoimisinéir Faisnéise maidir le hiarratas amháin. Bhí an t-achomharc seo, agus dhá achomharc roimhe sin ó 2004 agus 2006 fós arna meas ag Oifig an Choimisinéara ag deireadh na bliana.

Clár Caipitil

Cuireadh an dearadh mionsonrach agus an próiseas tairisceana don síneadh molta ar an gCeanncheathrú i gcrích agus bronnadh an conradh tógála i ndeireadh 2007. Forálann an síneadh do ghnéithe inmharthana ar nós gléasra coire bithmhais ag baint úsáide as sliseanna adhmaid, aisghabháil teasa ó ghléasra aerchóirithe, córas soilse atá éifeachtach ó thaobh fuinnimh de, painéil ghréine fhótavoltacha, bailiú uisce báistí agus cumhacht gaoithe. Tá roinnt réitigh dearaidh éighníomhacha ar nós scáthú gréine, insíothlú aeir, aeráil nádúrtha agus córas dín ghlais san áireamh sa síneadh chomh maith. Leanfaidh an tógáil ar aghaidh ar feadh 2008.

Bogadh isteach sa saotharlann agus sna hoifigí nua i gCill Chainnigh ag tús na bliana. Is é an phríomhobair a dhéantar ag Oifig Chigireachta agus saotharlann an EPA i gCill Chainnigh ná rialú truaillithe uisce in oirdheisceart na hÉireann. I gcomhréir le ról iomlán na Gníomhaireachta i gcaomhnú comhshaoil agus an gá le forbairt inmharthana, dearadh an foirgneamh chun caomhnú fuinnimh a uasmhéadú agus cuimsíonn sé gnéithe ar nós neartú gréine éighníomhacha, úsáid uasmhéadaithe solas nádúrtha an lae, córais soilsithe íseal-fuinnimh agus painéil ghréine do sholáthar uisce te i dtithe.

Comhairleoirí

Le linn 2007, bhain an EPA leas as seirbhísí chomhairleoirí éagsúla. Tugtar liosta de na comhairleoirí a fostaíodh (iad siúd a bhí páirteach sna Cláir um Eolaíocht, Theicneolaíocht, Thaighde agus Nuálaíocht don Chomhshaol (STRIVE) ina measc) i dTábla 6.

Tábla 6:
Comhairleoirí Fostaithe in 2007

A & L Goodbody	Enviros Consulting UK Ltd	Nicholas Kenny
A Quick Sharp Ltd	ERA-Maptec Ltd	O'Callaghan Moran & Associates
Achilles Procurement Services	ESRI Ireland Ltd	Odour Monitoring Ireland
Ack Solutions Ltd	Euro Environmental Services	Odournet UK Ltd
Aisling Cronin	Evros – The Computer Centre	Ordnance Survey Ireland
Alcontrol Geochem (Ireland)	Fehily Timoney & Co	Paul Mooney Associates
Alcontrol Laboratories	Future Perfect	Paul Toner
AMAS Ltd	Gandon Enterprises Ltd	Plannet 21 Communications Ltd
Annette O'Neill	Gavin Harte	Pricewaterhouse Coopers
ASKHR Ltd	Geo Demographics Ltd	Propylon
Assure Health and Safety	Geological Survey of Ireland	Quantitech Ltd
B2E Ltd	Graphite HRM Ltd	Repak Ltd
Barry Doyle & Company	Green Light Events	Rits Information Security
Bill Brignal	Helm Corporation Ltd	RPS Group
Byrne Looby Partners	Hook Head Training & Consulting	Scientifics Ltd
Carr Communications Ltd	Infratec	Shauna Deane
Casey McGrath & Associates	Institute of Public Administration	Spectral Signatures Ltd
Clara Clarke Event Management	Ipsus Technologies Ltd	Speed-It Ltd
Clean Technology Centre	Isoniq Ltd	Sysco Software Solutions
Compass Informatics Ltd	Kisters AG	Tartan Technologies Ltd
Coyle Hamilton Willis	Land Quality Management Ltd	Teagasc
Dataworks Ltd	Levitt-Therivel	Terminal Four
David Ball	Maclean Environmental Ltd	Terry Prendergast
Deloitte & Touche	Marketing Bureau Services Ltd	The Circa Group
Dr Catherine Coxon	Mason Hayes +Curran	Timothy Mulvey
Dr David Drew	Matheson Ormsby Prentice	TMS Consultancy Ltd
Dr Ray Flynn	Media Watch Ltd	TMS Environment Ltd
Dr Robbie Meehan	Minerex Environmental Ltd	Tobin Environmental Services
Duncan Laurence Environmental	Mott McDonald Pettit Ltd	Trinity Consultants Incorp
Ecofact Environmental Consultants Ltd	Murray Consultants Ltd	URS Ireland Ltd
Eireann Design	National Irish Safety Organisation	Wilson Architecture
Environment & Resource Management	National Physical Laboratory	
Enviros Consulting Ltd	Newstead Consulting Ltd	

Cuimsíonn an liosta seo na comhairleoirí sin gur íocadh breis agus €1000 leo in 2007.

AN TACHT UM ÍOC PRAS CUNTAS, 1997

Tagann an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) faoi théarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, a tháinig in éifeacht ar 2 Eanáir 1998, agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002 a tháinig i bhfeidhm ar 7ú Lúnasa 2002.

Is é beartas an EPA féachaint chuige go n-íoctar gach sonrasc go pras. Cuireadh córais agus nósanna imeachta ar leith i bhfeidhm le go bhféadfaí gach sonrasc a thaifeadadh agus lena chinntiú go ndéanfar íocaíochtaí roimh an dáta dlite. Déantar sonraisc cheannaigh a thaifeadadh go laethúil sa Rannóg Cuntas, agus leantar iad go córasach lena chinntiú go ndeimhnítear gan mhoill iad le híoc. Eisítear íocaíochtaí de réir mar is gá chun íoc pras a chinntiú.

Deartar na rialuithe seo chun neamhchomhlíonadh ábhartha an Achta agus na Rialachán a chosc chomh fada agus is féidir, cé nach féidir dearbhú absalóideach a thabhairt.

Tharla íocaíochtaí malla 429 uaire le linn 2007, a raibh luach thar €317 ag baint leo, agus sháraigh siad seo an dáta dlite faoi 23 lá ar an meán. Ba é luach iomlán na n-íocaíochtaí déanacha seo ná €1,457,271. San iomlán ba é 4.9 % de luach iomlán an n-íocaíochtaí clúdaithe ag an Acht na híocaíochtaí malla, agus ba é €8,804 an t-ús pionóis a bhain leo.

Mary Kelly

Mary Kelly
An tArd-Stiúrthóir
24 Meitheamh 2008

FOILSEACHÁIN NA GNÍOMHAIREACHTA UM CHAOMHNÚ COMHSHAOIL (EPA) 2007

Tá an chuid is mó d'fhoilseacháin an EPA ar fáil lena n-íoslódáil ó láithreán gréasáin an EPA ag www.epa.ie.

Tá na foilseacháin ar fad le ceannach ar líne nó ó Dhíolachán Foilseachán an EPA ar +353 12670100

AER

- Cáilíocht Aeir in Éirinn 2006 (ar an nGréasán amháin)

CORPARÁIDEACH

- Buaicphointí Bliantúla an EPA 2006.
- Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil 2006
- 2020 Vision
- EpaNews Eanáir 2007
- EpaNews Bealtaine 2007
- EpaNews Deireadh Fómhair 2007

DRAMHAÍL

- An Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl – Tuarascáil Bhliantúil 2006
- An Tuarascáil Náisiúnta Dramhaíola 2005 (Ar an nGréasán amháin)

UISCE

- Cáilíocht Uisce Inólta in Éirinn – Tuarascáil don bhliain 2005
- Na Rialacháin um Shubstaintí Guaiseacha, Tuarascáil Forfheidhmithe Náisiúnta 2005
- Cáilíocht Uisce in Éirinn 2006 – Príomhtháscairí na Timpeallachta Uiscí
- Scaoileadh amach Dramhuisce ó Cheantair Uirbeacha in Éirinn – Tuarascáil na mBlianta 2004/2005
- Cáilíocht Uisce Snámha in Éirinn – Tuarascáil don bhliain 2006

NÓTAÍ TREORACH

- Cód Cleachtais – Measúnú Riosca Comhshaoil i gcás Láithreáin Diúscartha Dramhaíola Neamhrialaithe
- Nóta Treorach maidir le Torann i ndáil le Gníomhaíochtaí Sceidealaithe Eagrán 2 (2006)
- Nóta Treorach maidir le Monatóireacht ar Astuithe Aeir #2

TUARASCÁLACHA TAIGHDE COMHSHAOIL

Athrú Aeráide

- Athrú Aeráide – Forbairt Fachtóirí Astuithe d'Eallach na hÉireann. (Tuarascáil Speisialta)
- Athrú Aeráide – Floscanna Carbóin ó Thailte Portaigh na hÉireann a Shamhaltú: I dTreo Fardal Floscanna Carbóin ó Thailte Portaigh na hÉireann a fhorbairt. (Tuarascáil Sintéise)
- Athrú Aeráide – Meastachán d'Astuithe Gáis Cheaptha Teasa ón Talmhaíocht agus Straitéisí Laghdaithe (Tuarascáil Sintéise)
- Forbhreathnú ar Shamhail RAINS
- Impleachtaí Sprioc um Chaomhnú Aeráide an AE d'Éirinn

Aer

- Truailliú Aeir – Cineál agus Bunús PM10 agus Ábhair Cháithníneacha Níos Lú san Aer i gCeantair Uirbeacha. (Tuarascáil Deiridh)

Uisce

- Measúnú ar Úsáid an Innéacs Ceannas Sóidiam mar Thomhas Féidearthach d'Ílogaireacht Aigéid. (Tuarascáil Sintéise)
- An Chreat-Treoir Uisce – Aithint Stádas Tagartha do Thíopeolaíochtaí Lochanna na hÉireann ag úsáid Modhanna agus Teicníochtaí Pailéilinneolaíocha (IN-SIGHT). (Tuarascáil Sintéise)
- An Chreat-Treoir Uisce – Córas Tíopeolaíochta agus Measúnaithe Éiceolaíochta Tagairtbhunaithe d'Imscrúdú Tosaigh Lochanna na hÉireann. (Tuarascáil Sintéise)
- Eotrófú ó Fhoinsí Talmhaíochta – Éifeachtaí Cleachtais Talmhaíochta ar Láisteadh Níotráití. (Tuarascáil Sintéise)
- An Chreat-Treoir Uisce – Coinníollacha Tagartha agus Tionchair Eotrófaithe in Aibhneacha na hÉireann. (Tuarascáil Sintéise)
- Cuir Chuige Bhitheolaíocha maidir le Baint Cothaitheach in Earnáil Bia na hÉireann. (Tuarascáil Deiridh)
- Eotrófú ó Fhoinsí Talmhaíochta – Tionchar an Ainmhí Fhéaránaigh ar Chaillteanas Fosfair ó Fhéarach Innilte
- An WFD – Measúnú, Rannpháirteachas agus Réimsí Teoranta: Cad iad na Caidrimh? (Tuarascáil Sintéise)
- Eotrófú ó Fhoinsí Talmhaíochta – Tionchar an Ainmhí Fhéaránaigh ar Chaillteanas Fosfair, Nítrigine, Potaisiam agus Solad ar Fuaidreamh ó Fhéarach Innilte – Staidéar Breacaidh Allamuigh. (Tuarascáil Deiridh)
- Imscrúdú ar an gCaidreamh idir Stoic Éisc, Rátálacha Cáilíochta Éiceolaíochta (Luachanna Q), Fachtóirí Comhshaoil agus Leibhéal an Eotrófaithe. (Tuarascáil Sintéise)
- Eotrófú ó Fhoinsí Talmhaíochta – Conairí do Chailliúint Cothaitheach le Béim ar Fhosfar. (Tuarascáil Sintéise)
- Eotrófú ó Fhoinsí Talmhaíochta – Ithir agus Fosfar: Staidéir Dobharcheantair. (Tuarascáil Sintéise)

Bithéagsúlacht

- Bithéagsúlacht i bhForaoisí Plandála na hÉireann
- I dTreo Bunachar Sonraí Ithreach Náisiúnta. (Tuarascáil Sintéise)
- Córas Faisnéise Ithreach Digiteach d'Éirinn. (Staidéar ar Raon Feidhme)

Úsáid Inbhuanaithe Acmhainní

- Úsáid agus Rialú Éilimh Chomhshaoil mar Bhealach chun Tomhaltas Inbhuanaithe a Chur Chun Cinn in Éirinn. (Tuarascáil Deiridh)
- Tabhairt Isteach Táillí Bunaithe ar Mheáchan do Dhiúscairt Dramhaíl Sholadach Teaghlaigh. (Tuarascáil Deiridh)
- Athbhreithniú Náisiúnta ar Tháillí Íoc-as-Úsáid ar Bhailiú Dramhaíl Teaghlaigh: Torthaí Fairsinge Suirbhé. (Tuarascáil Idirthréimhseach)
- Tuarascáil CGPP – Forbairt Clár Táirgthe Níos Glaine Níos Glaise do Thionscal Óstán na hÉireann – Óstáin na hÉireann a Dhéanamh Níos Glaise

COMHTHÁTHÚ AGUS FORFHEIDHMIÚ

- Aithint na nAthróg Comhshaoil le húsáid chun Monatóireacht a Dhéanamh ar an Meastóireacht ar an Scéim Cosanta Comhshaoil Tuaithe. (Tuarascáil Sintéise)
- Bainistíocht Comhshaoil sa Tionscal Eastóscach – Mianraí Neamhsceidealaithe. (Tuarascáil Sintéise)
- Teicneolaíochtaí Comhshaoil – Treoirlínte faoi Conas Treoir-Thionscadal a Chur ar an Margadh. (Tuarascáil Deiridh)
- Imscrúdú ar Cén Fáth nach mBaintear go Leor Úsáide as Teicneolaíochtaí Comhshaoil Reatha. (Tuarascáil Sintéise)
- Treoir faoi Thráchtálú Aschuir Taighde agus Forbartha Comhshaoil – Lámhleabhar do Thaighdeoirí atá ag Fáil Maoiniú Taighde agus Forbartha Comhshaoil
- Luachanna, Dearcaí agus Iompraíocht Comhshaoil in Éirinn. (Tuarascáil Sintéise)
- Forbairt Turasóireachta Inbhuanaithe - I dTreo Maolú ar Thionchar an Chinn Scríbe Turasóireachta. (Tuarascáil Sintéise)
- STRIVE – Clár de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil 2007–2013

RÁITIS AIRGEADAIS ROINN 3

RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2007

- Ráiteas um Fhreagrachtaí na Gníomhaireachta
- Ráiteas faoi Chóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais
- Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
- Beartais Chuntasaíochta
- Cuntas Ioncaim agus Caiteachais
- Ráiteas ar Ghnóthachain agus Chaillteanais Iomlána Aitheanta
- Clár Comhardaithe
- Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid
- Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

RÁITEAS UM FHREAGRACHTAÍ NA GNÍOMHAIREACHTA

De réir Alt 50 (1) den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992, ní mór don EPA ráitis airgeadais a ullmhú ar cibé bealach agus a cheadódh an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil i gcomhairle leis an Aire Airgeadais. Agus an EPA ag ullmhú na ráiteas airgeadais sin, ní foláir di:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go comhsheasmhach ansin;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura mbíonn sé mí-oiriúnach a ghlacadh leis go leanfar ar aghaidh le feidhmiú an EPA;
- aon imeachtaí ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an EPA freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil a nochtann le cruinneas réasúnach ag aon tráth staid airgeadais an EPA agus a chuireann ar a cumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 50 d'Acht an EPA. Tá freagracht ar an EPA chomh maith a cuid sócmhainní a chosaint agus bearta réasúnacha a ghlacadh le cosc a chur ar chalaois agus ar neamhrialtachtaí eile agus iad a aimsiú.

Mary Kelly

An tArd-Stiúrthóir

Stiúrthóir

24 Meitheamh 2008

RÁITEAS FAOI RIALUITHE AIRGEADAIS INMHEÁNACH 2007

1. Thar ceann Bhord Stiúrthóirí an EPA, admhaím ár bhfreagracht maidir le cinntiú go gcoinnítear agus go n-oibrítear córas éifeachtach rialuithe airgeadais inmheánacha, maidir le cuntais an EPA a ullmhú agus gach dualgas reachtúil a bhaineann leis an nGníomhaireacht a chomhlíonadh.

2. Admhaíonn Stiúrthóirí an EPA chomh maith gur cinnteacht réasúnach amháin seachas cinnteacht iomlán is féidir a chur ar fáil maidir le córas na rialuithe airgeadais inmheánacha go ndéantar na sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtacht ábhartha a chosc nó go dtugtar faoi deara go tráthúil iad.

3. Na Príomhbhearta Rialaithe

   i) Tá bearta déanta ag Stiúrthóirí an EPA chun an timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú taobh istigh den Ghníomhaireacht trí:

   - Ráiteas Straitéise an EPA *2020Vision* – Protecting and Improving Ireland's Environment a fhoilsiú. Baineann an Straitéis nua leis an tréimhse go dtí 2010 agus tá cuspóirí comhshaoil agus eagrúcháin an EPA leagtha amach inti. Déanfar monatóireacht ar chur i bhfeidhm na Straitéise seo agus cuirfear tuairiscí faoi chuig Bord an EPA gach sé mhí.
   - PClár oibre mionsonraithe a chomhaontú le haghaidh gach bliain, agus monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh go rialta ar dhul chun cinn in aghaidh an chláir oibre.
   - Cruinnithe Boird a thionól go rialta chun bainistíocht agus maoirseacht a dhéanamh ar obair an EPA.
   - Coiste Inmheánach Iniúchta a bhunú mar chuid d'athbhreithniú córasach ar timpeallacht rialaithe agus nósanna imeachta rialaithe laistigh den EPA, maoirsiú a dhéanamh ar an Iniúchadh Inmheánach agus comhairle a thabhairt don Bhord maidir leis an gcaoi atá sé á chur i bhfeidhm agus á fhorbairt.
   - Beartas i leith Bainistiú Rioscaí a cheapadh agus a chur i bhfeidhm.
   - Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta a chur i bhfeidhm do gach ball foirne.
   - Freagrachtaí bainistíochta a shonrú go soiléir.
   - Tacar nósanna imeachta airgeadais a ghlacadh chun gnéithe airgeadais suntasacha a bhaineann le gnó an EPA a rialú.
   - Sceideal cuimsitheach de shocruithe árachais a choimeád chun leas an EPA a chosaint.
   - Rialacháin agus buanorduithe a chur ar bun agus a leanúint maidir le gnó an Bhoird a reáchtáil.
   - Cinntiú go sásaítear ceanglais na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí agus Ailt 37 & 38 den An tAcht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992, maidir le Deimhniú agus Nochtadh ar Leasanna.
   - Feidhmeanna a tharmligean nuair is cuí sin.
   - Athbhreithniú agus faomhadh a dhéanamh ar bheartais agus nósanna imeachta uile an EPA.
   - Cód Iompair Ghnó maidir le Stiúrthóirí agus Baill Foirne a ghlacadh chucu féin de réir mar a éilítear sa Chód Cleachtais.

   ii) Rinneadh athbhreithniú ar Chláir Rioscaí an EPA de réir Beartas Bainistithe Rioscaí na Gníomhaireachta agus ullmhaíodh Clár Rioscaí Corparáideach. Cuireann gach Stiúrthóir ráiteas dearbhaithe rathúil ar fáil don Ard-Stiúrthóir ag admháil na freagrachta maidir le nuashonrú,

monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach ar chlár na rioscaí ina (h)oifig féin agus le cinntiú go gcuirtear an Beartas Bainistithe Rioscaí i bhfeidhm.

iii) Tá córas na rialuithe airgeadais inmheánacha bunaithe ar eolas bainistíochta rialta, ar chóras tarmligin agus freagrachta, ar thacar nósanna imeachta airgeadais, ar nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus ar dhianseiceáil leanúnach ag an bhfeidhm airgeadais. Áirítear air go háirithe:

- Córas buiséadaithe cuimsitheach lena mbaineann buiséad bliantúil a ndéanann Stiúrthóirí an EPA athbhreithniú agus forcheadú air.
- Buiséid agus údarás buiséadach agus freagracht maidir le feidhmeanna sonracha a shannadh do bhainisteoirí áirithe.
- Údarás maidir le gach eisíocaíocht airgid an EPA, íocaíocht na dtuarastal, na bpinsean, na gcreidiúnaithe, agus na gcostas srl. a bheith ag Stiúrthóirí agus ag ceithre Bainisteoirí Cláir ainmnithe agus acusan amháin.
- Athbhreithniú rialta agus leanúnach a dhéanamh ar gach íocaíocht a dhéanann an lucht bainistíochta sinsearach.
- Athbhreithnithe rialta ag Bord na Stiúrthóirí ar fhaisnéis agus ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla (lena n-áirítear cuntais bhainistíochta) ina léirítear an fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis na mbuiséad.
- Spriocanna a shocrú chun an fheidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a thomhas.
- Disciplíní bhainistiú tionscadail maidir le cláir thógála agus mórthionscadail chomhairleoireachta.
- Cuntasaíocht Airgeadais nua-aimseartha ar ríomhaire agus córais bhogearraí Phárolla a úsáid mar bhonn le rialuithe airgeadais inmheánacha an EPA.
- Nósanna imeachta maidir le comhairleoirí a fhostú.
- Córas rialaithe maidir le cheadú ginearálta chonarthaí caipitil agus chonarthaí comhairleoireachta.

iv) Rinneadh staidéar ar na himpleachtaí airgeadais a bhaineann le rioscaí gnó tríd an bpróiseas measúnaithe rioscaí gnó agus trí ullmhú Phlean Iniúchta Inmheánaigh an EPA. Déanfar iad seo a iniúchadh agus a mheasúnú a thuilleadh le cur i bhfeidhm céimnitheach phlean iniúchta inmheánaigh an EPA. Eisíodh nósanna imeachta chun tréithe airgeadais suntasacha ghnó an EPA a rialú, agus tá uasteorainneacha údaraithe leagtha síos ag an mBord maidir le ceannachán.

v) Cathaoirleach seachtrach atá ar Choiste Iniúchta an EPA chomh maith le lucht saineolais eile ón taobh amuigh (in ionad páirt ag Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin) agus ionadaithe sinsearacha ón nGníomhaireacht féin. Rinneadh Plean Iniúchta Inmheánaigh an EPA 2007 – 2008 a chur i bhfeidhm de réir a chéile agus rinneadh dhá iniúchadh inmheánacha i rith 2007. Baineadh leas astu sna réimsí seo a leanas:

- Aonad na Trádála in Astúcháin agus
- Géilliúlacht don Reachtaíocht Chorparáideach.

Bhí iniúchadh eile le déanamh ar leorgacht agus comhtháthú Córais Faisnéise an EPA ag deireadh na bliana 2007 ach cuireadh siar go 2008 é ar chúiseanna oibriúcháin.

D'aontaigh an Coiste Iniúchta agus Bord an EPA le pleananna feidhme chun díriú ar mholtaí a tháinig ón iniúchadh. Déantar athbhreithniú rialta ar an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm na bpleananna feidhme agus tugtar tuairisc don Choiste Iniúchta agus don Bhord faoi.

Rinneadh athbhreithniú ar Phlean an Iniúchta Inmheánaigh 2008-2009 in 2007 i bhfianaise rioscaí

a sonraíodh i gClár Rioscaí an EPA, ceanglais an Ard-Reachtaire Cuntas agus Cistí chomh maith le hathruithe agus ceisteanna maidir leis an Rialachas Corparáide a tháinig chun cinn san Earnáil Phoiblí i gcoitinne. Thug an Coiste Iniúchta Inmheánaigh agus Bord an EPA faomhadh don Phlean Iniúchta Inmheánaigh.

4. Athbhreithniú Bliantúil ar na Rialuithe

Deimhním go ndearna an EPA, chomh maith leis na bearta iniúchta inmheánaigh a cuireadh i gcrích agus a dtagraítear dóibh in alt 3 (v) thuas, athbhreithniú foirmeálta ar na córais rialaithe airgeadais inmheánacha i rith 2006. Rinneadh an t-athbhreithniú sin ag baint leasa as saineolas ón taobh amuigh arna bhunú ar mhionscrúdú ar cháipéisíocht bhainistíochta airgeadais agus rialaithe. Ba é an tuairim foriomlán a bhí ann de thoradh an athbhreithnithe ná go raibh córas na rialuithe airgeadais inmheánacha ag obair go héifeachtúil. Thug an Bord faomhadh i 2006 do Phlean Forfheidhmithe chun breis feabhais a chur ar chóras na rialuithe airgeadais inmheánacha agus cuireadh i bhfeidhm go hiomlán é roimh Márta 2008. Cuireadh tuarascáil scoir faoin athbhreithniú seo os comhair an Bhoird agus an Choiste Iniúchta Inmheánaigh in Aibreán 2008.

Ó tharla sé go raibh moltaí athbhreithnithe na bliana 2006 fós á gcur i bhfeidhm ag deireadh na bliana 2007 rinneadh athbhreithniú in Aibreán 2008 nuair a bhí sé curtha i bhfeidhm. Bhain sé seo le chóras rialuithe airgeadais Inmheánach na bliana 2007. Dearbhaím go ndearna Bord an EPA athbhreithniú ar na rialaithe inmheánacha don bhliain 2007 in Aibreán 2008.

Arna shíniú thar ceann an Bhoird.

Mary Kelly

An tArd-Stiúrthóir
24 Meitheamh 2008

TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE LE CUR I LÁTHAIR THITHE AN OIREACHTAIS

Tá ráitis airgeadais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 iniúchta agam faoin Acht um Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta de na Beartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas Gnóthachan agus Caillteanas Aitheanta Iomlán, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara.

FREAGRACHTAÍ CHOMHALTAÍ NA GNÍOMHAIREACHTA AGUS AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE FAOI SEACH

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Achta um Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992 agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an Ghníomhaireacht na ráitis airgeadais de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta Chomhaltaí na Gníomhaireachta leagtha amach sa Ráiteas um Fhreagrachtaí na Gníomhaireachta. Is é m'fhreagrachtsa ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tuairiscím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chuí coinnithe. Lena chois sin, deirim cibé an dtagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus atá riachtanach chun críocha m'iniúchta.

Scrúdaím an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais le féachaint an léirítear ann gur chomhlíon an Ghníomhaireacht an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann sé amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtagann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam. Ní cheanglaítear orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais gach priacal agus rialú airgeadais, ná teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta maidir le priacail agus rialú.

Léim faisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil, agus breithním cibé an dtagann sé leis na ráitis airgeadais iniúchta. Breithním na himpleachtaí do mo thuarascáil má thagaim ar an eolas faoi aon rud atá, de réir cosúlachta, ina mhíráiteas nó ina neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airdeadais.

AN BUNÚS ATÁ LE MO THUAIRIM AR NA RÁITIS

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrudú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais, agus leis na hidirbhearta a fhoilsítear iontu. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí na Gníomhaireachta, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé calaois nó neamhrialtacht nó earráid eile is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

TUAIRIM

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar riocht ghnóthaí na Gníomhaireachta ag 31 Nollaig 2007 agus ar a hioncam agus ar a caiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

John Buckley,
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
30 Meitheamh 2008

BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

1 BUNÚS NA CUNTASAÍOCHTA

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe faoi chomhghnás an chostais stairiúil agus ar shlí atá ceadaithe ag an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil le comhthoiliú an Aire Airgeadais de réir Alt 50 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992.

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhruithe, ach amháin mar a luaitear thíos, agus de réir gnáthchleachtais chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta. Glactar le caighdeáin tuairiscithe airgeadais a mholann na comhlachtaí cuntasaíochta aitheanta de réir mar is infheidhme iad.

2 DEONTAIS OIREACHTAIS

Is iad na deontais iarbhír a fuarthas sa tréimhse cuntasaíochta na figiúirí a thaispeántar.

3 TÁILLÍ CEADÚNAIS

Éilítear ar iarratasóirí ceadúnais táille iomlán an iarratais cheadúnais a íoc ag an tráth ina ndéantar an t-iarratas. cionroinntear na suimeanna a fhaightear don Chuntas Ioncaim agus Caiteachais nuair a thugtar na céimeanna seo a leanas den phróiseas ceadúnaithe chun críche:

Ceadúnais um Chosc agus Rialú Comhtháite ar Thruailliú agus Ceadúnais Bainistithe Dramhaíola:

- Iarratas 30%
- Cinneadh Beartaithe 50%
- Eisiúint Ceadúnas 20%

Ceadúnais um Scaoileadh Fuíolluisce:

- Iarratas 10%
- IAdmháil an iarratais iomláin 40%
- ICinneadh a Eisiúint faoi Cheadúnas 50%

4 MAOINIÚ AN AONAID TRÁDÁLA ASTUITHE

Bunaíodh an tAonad Trádála Astuithe laistigh den Ghníomhaireacht i 2003. Rinneadh costais an Aonaid seo a aisghabháil le linn 2007 ó fháltais a fuair an Gníomhaireacht de thoradh cheantáil liúntas is a bhí ar siúl i 2006 chun costais riaracháin na scéime um trádáil astuithe a chlúdach. Tá foráil sa treoir a thug an Rialtais don Ghníomhaireacht maidir le scéim an AE um trádáil astuithe ceantáil a dhéanamh ar chuid de na liúntais iomlána (ach gan 1% díobh a shárú). Áirítear fálais na ceantála a choinníonn an EPA chun an tAonad a mhaoiniú mar ioncam na Gníomhaireachta agus é sin de réir na gcostas bainteach.

Is don Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil a thugtar fáltais na ceantála nach bhfuil ag teastáil chun maoiniú a dhéanamh ar chostais an tAonad agus ní ghlactar leo mar chuid d'ioncam na Gníomhaireachta.

5 SÓCMHAINNÍ SEASTA AGUS DÍMHEAS

Sloinntear sócmhainní seasta ag costas lúide dímheas carntha. Soláthraítear dímheas faoin modh dronlíneach ag na rátaí atá luaite thíos a mheastar chun na sócmhainní a laghdú chuig a luachanna inréadaithe ag deireadh a saoil ionchais oibre:

- Foirgnimh 2%
- Troscán agus Feistis 10%
- Trealamh Saotharlainne agus Allamuigh 15%
- Trealamh TF agus Ríomhairí 25%
- Mótarfheithiclí 20%

6 MAOINIÚ CAIPITIL

Sásaítear sócmhainní seasta na Gníomhaireachta agus airleacan chun obair atá ar siúl a mhaoiniú agus ceannach sóchmhainní ó chumasc de dheontais chaipitil, iasachtaí ceadaithe agus leithroinntí as ioncam reatha. Aistrítear maoiniú a thagann ó dheontais (lena n-áirítear iad sin a úsáidtear le hiasachtaí a aisíoc) chuig cuntas caipitil a amúchtar de réir dímheasa na sócmhainní comhghaolmhara.

7 STOIC

Díscríobhtar gach stoc, lena n-áirítear stoic inchaite, sa bhliain ina gceannaítear iad.

8 FÉICHIÚNAITHE

Déantar foráil d'fhiacha amhrasacha, nuair atá sé sin ag teastáil, sna cuntais. Díscríobhtar drochfhiacha, de réir mar a thagann siad aníos, os coinne na forála sin.

9 AOISLIÚNTAS

Feidhmíonn an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil scéimeanna pinsean a bhfuil sochar sainithe acu agus a mhaoinítear go bliantúil de réir mar a théitear ar aghaidh ó airgead atá ar fáil dó, lena n-áirítear airgead a sholáthraíonn an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, agus ó ranníocaíochta pinsin bainte de thuarastail fhoirne.

Braitheann costais phinsean ar na sochair phinsin tuillte ag fostaithe sa tréimhse agus léirítear iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin foirne a choinníonn an Ghníomhaireacht. Glactar le méid a chomhfhreagraíonn don táille pinsin mar ioncam sa mhéid is gur féidir é a aisghabháil, agus go ndéantar é fhritháireamh le deontais a fuarthas sa bhliain chun íocaíochtaí pinsean a dhéanamh. Léirítear gnóthacháin nó caillteanais achtúireacha i dtaca le fiachais scéime sa Ráiteas Gnóthachán agus Caillteanas Aitheanta Iomlán agus aithnítear ceartú comhfhreagrach sa mhéid is féidir a aisghabháil ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Luach reatha íocaíochtaí pinsean sa todhchaí atá tuillte ag an bhfoireann go dtí seo is ea dliteanais phinsean. Is éard atá i maoiniú pinsean iarchurtha ná an tsócmhainn chomhfhreagrach a dhéanfar a aisghabháil sa todhchaí ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAISDON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2007

		2007	2006
Ioncam	**Nóta**	€	€
Deontais Oireachtais	1	39,659,257	29,099,203
Costais Aisghafa maidir le Trádáil Astuithe	2	1,062,339	1,237,454
Seirbhísí Eile		28,387	552,356
Ioncam ó Shaotharlanna Réigiúnacha		2,147,968	1,955,690
Gníomhaíochtaí Ceadúnúcháin	3	1,285,060	965,689
Gníomhaíochtaí Forfheidhmiúcháin	4	7,689,253	7,158,841
Fáltais Ilghnéitheacha	5	117,418	188,729
Maoiniú iarchurtha glan i gcomhair Pinsean	18(b)	7,270,864	5,232,636
		59,260,546	**46,390,598**
Caiteachas			
Tuarastail agus ÁSPC	6	17,760,966	15,557,564
Costais Phinsean	18(c)	8,188,664	6,096,070
Speansais Taistil	7	1,775,596	1,401,390
Costais Saotharlainne agus Allamuigh	8	1,250,084	930,540
Costais Chóiríochta	9	1,276,577	1,185,859
Costais Riaracháin Eile	10	5,486,972	4,840,423
Comhairligh agus Deontais		7,233,829	4,486,822
Taighde Comhshaoil		11,269,137	6,967,701
Dímheas	15	1,802,802	1,615,826
		56,044,627	**43,082,195**
Aistriú chuig Cuntas Caipitil	11	3,609,373	2,749,679
		59,654,000	**45,831,874**
(Easnamh) / Barrachas / Oibríochta		**(393,454)**	**558,724**
Barrachas / (Easnamh) ar Dhiúscairt Sócmhainní		493,283	(170,208)
Barrachas roimh Ús		**99,829**	**388,516**
Ús Faighte	12	10,820	1,653
Ús Iníoctha agus Muirir Chosúla	13	(114,221)	(102,430)
(Easnamh) / Barrachas don Bhliain		**(3,572)**	**287,739**
Barrachas / (Easnamh) ag 1 Eanáir		37,846	(249,893)
Barrachas / (Easnamh) ag 31 Nollaig		**34,274**	**37,846**

Baineann torthaí na bliana le hoibríochtaí leanúnacha. Is cuid de na ráitis airgeadais seo é an ráiteas faoi bheartais chuntasaíochta agus an ráiteas um shreabhadh airgid chomh maith leis na nótaí ó 1 go 21.

Mary Kelly

An tArd-Stiúrthóir

Stiúrthóir

24 Meitheamh 2008

RÁITEAS AR GHNÓTHACHAIN AGUS CHAILLTEANAIS IOMLÁNA AITHEANTA

	Nóta	2007 €	2006 €
(Easnamh) / Barrachas don Bhliain		**(3,572)**	**287,739**
Caillteanas taithí ar dhliteanais scéimeanna pinsean		(583,000)	(9,891,000)
Athruithe ar an mbonn tuisceana maidir le luach reatha dliteanas na Scéime Pinsean		8,505,000	(3,056,364)
Gnóthachan / (Caillteanas) Achtúireach na Scéime Pinsean	**18(f)**	**7,922,000**	**(12,947,364)**
Coigeartú ar Mhaoiniú Pinsean Iarchurtha		**(7,922,000)**	**12,947,364**
Iomlán Gnóthachan agus Caillteanas Aitheanta don Bhliain		**(3,572)**	**287,739**

Baineann torthaí na bliana le hoibríochtaí leanúnacha. Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an ráiteas faoi bheartais chuntasaíochta agus an ráiteas um shreabhadh airgid, chomh maith leis na nótaí ó 1 go 21.

Mary Kelly

An tArd-Stiúrthóir

Stiúrthóir

24 Meitheamh 2008

CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2007

	Nóta	2007 €	2006 €
Sócmhainní Seasta	15	24,363,802	23,739,239
Sócmhainní Reatha			
Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	16	7,252,217	4,576,573
Airgead ar Láimh agus sa Bhanc		6,044,078	8,675,905
		13,296,295	13,252,478
Lúide Dliteanais Reatha			
Creidiúnaithe (suimeanna atá dlite taobh istigh de bhliain)	17(a)	9,444,572	12,127,982
Glansócmhainní reatha		3,851,723	1,124,496
Creidiúnaithe (Méideanna atá dlite tar éis níos mó ná bliain amháin)	17(b)	(2,494,583)	(2,748,594)
Sócmhainní Iomlána lúide Fiachais Reatha roimh phinsin		25,720,942	22,115,141
Maoiniú Pinsean Iarchurtha	18(d)	98,329,000	98,980,000
Fiachais Phinsin	18(e)	(98,329,000)	(98,980,000)
		0	0
Glan-Sócmhainní Iomlána		25,720,942	22,115,141
Arna n-ionadú ag:			
Cuntas Caipitil	11	25,686,668	22,077,295
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		34,274	37,846
		25,720,942	22,115,141

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an ráiteas faoi bheartais chuntasaíochta agus an ráiteas faoi shreabhadh airgid, chomh maith le nótaí 1 go 21.

Mary Kelly

An tArd-Stiúrthóir

Stiúrthóir

24 Meitheamh 2008

RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2007

	Nóta	2007 €	2006 €
Réiteach Barrachais chuig Glan-insreabhadh Airgid			
Insreabhadh ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin			
(Easnamh) / Barrachas don Bhliain		**(3,572)**	**287,739**
Ús faighte	12	(10,820)	(1,653)
(Barrachas) / Easnamh ar Dhiúscairt Sócmhainní		(493,283)	170,208
Aistriú chuig Cuntas Caipitil	11	3,609,373	2,749,679
Muirear dímheasa don bhliain	15	1,802,802	1,615,826
(Méadú) / Laghdú sna Creidiúnaithe		(2,675,644)	1,989,497
(Laghdú) / Méadú i gCreidiúnaithe (ach amháin Creidiúnaithe lasachta)		(2,703,913)	7,763,059
Glan-insreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		**(475,057)**	**14,574,355**
Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid			
Glan-insreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		**(475,057)**	**14,574,355**
Torthaí ar infheistíochtaí agus seirbhísiú airgeadais			
Ús bainc		10,820	1,653
Gníomhaíochtaí infheistithe			
Íocaíochtaí le sócmhainní seasta a shealbhú		(1,934,082)	(7,125,386)
Glan- (Eis-sreabhadh) / Insreabhadh Airgid Roimh Airgeadú		**(2,398,319)**	**7,450,622**
Airgeadú			
Aisíocaíochtaí ar lasachtaí um Shócmhainní Seasta	15	(233,508)	(233,845)
(Laghdú) / Méadú in Airgead		**(2,631,827)**	**7,216,777**
Réiteach ar ghlansreabhadh airgid chuig gluaiseacht in iarmhéideanna airgid			
(Laghdú) / Méadú in airgead sa bhliain		(2,631,827)	7,216,777
Cistí ag 1 Eanáir		8,675,905	1,459,128
Cistí ag 31 Nollaig		**6,044,078**	**8,675,905**

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an ráiteas faoi bheartais chuntasaíochta agus an ráiteas faoi shreabhadh airgid, chomh maith le nótaí 1 go 21

Mary Kelly

Director General

Director

24 Meitheamh 2008

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

1 Deontais Oireachtais

Vóta na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil:

		2007 €	2006 €
Deontais ón Vóta:	**Reatha**	21,939,769	14,290,123
	Caipiteal	3,051,000	3,985,131
	Cistiú Taighde	11,165,000	7,000,000
	Cláir Eile	3,503,488	3,823,949
		39,659,257	**29,099,203**

Is leithroinnt shonrach é Cistiú Taighde faoi chomhair chostas Taighde Comhshaoil.
Caitheadh €11,269,137 ar na gníomhaíochtaí taighde sin sa bhliain 2007 (2006 €6,967,701).

2 Gníomhaíochtaí an Aonaid Trádála Astuithe (ATA)

	€	€
(a) Costais an Aonaid Trádála Astuithe	**1,062,339**	**1,237,454**
Táillí Cláraithe Oibritheora Trádála Astuithe, is araile	5,300	1,950
Costais le haisghabháil ó Chistí Ceantála, is araile	1,057,039	1,235,504
Maoiniú Iomlán Chostais an ATA	**1,062,339**	**1,237,454**
(B) Coimriú ar Chistí an Aonaid Trádála Astuithe:	€	€
Cistí Tugtha ar Aghaidh	6,948,380	0
Iomlán na gCistí a Cruthaíodh	79,488	13,273,337
Iarmhéid Costas ATA i 2005	0	(404,871)
Costais iomlána ATA na Bliana Reatha	(1,062,339)	(1,237,454)
Foráil do Chostais ATA i 2007	0	(1,500,000)
Cistí ATA Iníoctha leis an Roinn C,O&RA	**5,965,529**	**10,131,012**
Íoctha leis an Roinn C,O&RA	(5,448,380)	(4,682,632)
Iarmhéid Fáltas ATA iníoctha leis an Roinn C,O&RA (féach Nóta 17 (a))	**517,149**	**5,448,380**

3 Gníomhaíochtaí Ceadúnúcháin – CRCT, Dramhaíl agus Scaoileadh Fuíolluisce

	€	€
Táillí Ceadúnais réamhíoctha ag 1 Eanáir	865,454	736,076
Táillí Faighte	2,811,421	1,127,366
Lúide Aisíocaíochtaí Íoctha	(80,632)	(32,299)
Táillí ceadúnais réamhíoctha ag 31 Nollaig (Féach Nóta 17(a))	(2,311,183)	(865,454)
Méid curtha chun sochair don Chuntas Ioncaim agus Caiteachais	**1,285,060**	**965,689**

Ceadúnú: Rialú Truaillithe Comhtháite (CRCT) agus Dramhaíl

Faoi Alt 83 den Acht um Ghníomhaireacht Caomhnú Comhshaoil, 1992, tá an EPA freagrach as ceadúnú próiseas tionsclaíocha móra/casta nó eile a d'féadfadh truailliú mór eascairt astu. Faoi Alt 40 den Acht um Bainistiú Dramhaíola 1996, tá an EPA freagrach as ceadúnú gach mórghníomhaíocht aisghabhála dramhaíola agus diúscartha atá á feidhmiú ag na húdaráis áitiúla agus ag fiontair phríobháideacha.

Ceadúnú: Scaoileadh Fuíolluisce

Tá foráil sna Rialacháin um Scaoileadh Fuiolluisce (Údarú) 2007 go ndéanfaí ceadúnú ar scaoileadh fuíolluisce na nÚdarás Áitiúil. Ní mór ceadúnas a fháil ón EPA chun uisce a scaoileadh ó limistéir ina bhfuil breis agus 500 duine. Ní mór do limistéir ina bhfuil níos lú ná 500 duine teastas a fháil ón EPA. Is as táillí a ghearrtar maidir le próiseáil iarratais ar cheadúnais den sórt sin a fhaigheann an EPA a cuid ioncaim ceadúnúcháin.

	2007	2006
4 Gníomhaíochtaí Forfheidhmiúcháin – CRCT agus Dramhaíl	€	€
Táillí faighte agus Muirir ar Gearradh Sonrasc Orthu	**7,689,253**	**7,158,841**

Faoi Alt 96 den Acht um Ghníomhaireacht Caomhnú Comhshaoil, 1992 tá An Ghníomhaireacht freagrach as rialú próiseas tionsclaíocha móra/casta nó eile a d'fhéadfaí truailliú mór eascairt astu. Faoi Alt 15 den Acht um Bainistiú Dramhaíola 1996, tá an EPA freagrach as rialú gach mórghníomhaíocht aisghabhála dramhaíola agus diúscartha atá á feidhmiú ag na húdaráis áitiúla agus ag fiontair phríobháideacha. Is as táillí a ghearrtar maidir leis an obair mhonatóireachta seo a fhaigheann an EPA a cuid ioncaim fhorfheidhmiúcháin.

5 Fáltais Ilghnéitheacha	€	€
Éilimh árachais	714	524
Díolacháin Foilseachán	17,317	33,222
Ilghnéitheach	99,387	154,983
	117,418	**188,729**

6 Tuarastail agus ÁSPC na Foirne		€	€
Tuarastail		16,489,866	14,461,834
ÁSPC Fostóirí		1,271,100	1,095,730
Costas Iomlán Tuarastal		**17,760,966**	**15,557,564**
(b) Seo a leanas líon na bhfostaithe ar 31 Nollaig:			
Ceanncheathrú	Loch Garman	140	135
Cigireachtaí Réigiúnacha:	Caisleán an Bharraigh	25	27
	Corcaigh	33	30
	Baile Átha Cliath	71	68
	Cill Chainnigh	16	15
	Muineachán	14	11
Oifigí Réigiúnacha		8	8
		307	**294**

7 Speansais Taistil	€	€
Taisteal agus Cothabháil	1,666,447	1,296,513
Speansais Mhótarfheithiclí	126,332	120,447
Aisíocaíochtaí Taistil	(17,183)	(15,570)
	1,775,596	**1,401,3901**

8 Costais Saotharlainne agus Allamuigh	2007 €	2006 €
Speansais Saotharlainne agus Allamuigh	919,885	652,843
Deisiúcháin ar Threalamh agus Cothabháil	313,620	261,448
Éadaí Cosanta	16,579	16,249
	1,250,084	**930,540**

9 Costais Chóiríochta	€	€
Cíos agus Rátaí	389,598	335,706
Cumhacht, Solas agus Téamh, Glantóireacht	499,264	529,229
Deisiúcháin, Cothabháil, Slándáil	387,715	320,924
	1,276,577	**1,185,859**

10 Costais Riaracháin Eile	€	€
Teileafón agus Postas	262,662	280,689
Priontáil Foilseachán agus Soláthairtí Stáiseanóireachta	534,701	512,678
Árachas	95,664	96,324
Muirir Ríomhairí agus Próiseáil Sonraí	2,244,361	1,543,563
Táillí Iniúchta	14,400	14,400
Rialachas Corparáideach agus Táillí Iniúchta Inmheánaigh	69,278	83,967
Táillí Dlí	491,082	435,722
Costais Cheapacháin Foirne	82,675	110,901
Ús agus Muirir Bhainc	4,848	5,304
Leabhair, Tréimhseacháin agus Leabharlann	93,362	86,488
Costais Forbartha agus Oiliúna Foirne	692,170	579,280
Fógraíocht	300,816	481,388
Cumarsáid	501,934	527,507
Ilghnéithigh	99,019	82,212
	5,486,972	**4,840,423**

11 Cuntas Caipitil

		€	€
Ag 1 Eanáir 2007			22,077,295
Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais:			
Ioncam Leithroinnte críche Caipitil	**Sócmhainní Seasta Breise**	2,639,990	
	Le Breiseanna amach anseo a Mhaoiniú (féach nóta 16)	2,751,303	
	Aisíocaíocht Iasachtaí	233,507	
		5,624,800	
Lúide			
Diúscairtí Sócmhainní Seasta ag Costas		369,926	
Lúide dímheas roimhe ré ar dhiúscairtí		(157,301)	
		212,625	
Muirear dímheasa don bhliain		1,802,802	
Aistriú glan ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais			3,609,373
Ag 31 Nollaig 2007			**25,686,668**

Amhail 31 Nollaig 2007, áiríodh €4,185,680 i gComhardú an Chuntas Caipitil i leith réamhíocaíochtaí as sócmhainní seasta (féach Nóta 16 Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí).

12 Ús Faighte

	2007 €	2006 €
Ús ar thaisce bainc	10,820	1,653
	10,820	**1,653**

13 Ús Iníoctha agus Muirir Chomhchosúla

	€	€
Iasachtaí Bainc iníoctha ina dTráthchodanna	114,221	102,430
	114,221	**102,430**

14 Cánachas

Tá an EPA díolmhaithe go sonrach faoi fhorálacha Alt 32, agus Sceideal 2, den Acht Airgeadais, 1994.
Dá réir sin níl aon mhuirir chánachais curtha san áireamh sna cuntais.

15 Sócmhainní Seasta

	Total	Foirgneamh	Troscán & Fearaistí	TF&Ríomhaire Trealamh	Saotharlann & Allamuigh Trealamh	Inneallra Feithiclí
	€	€	€	€	€	€
Costas						
Ar 1 Eanáir 2007	39,505,759	23,491,558	2,054,482	4,130,468	8,934,694	894,557
Ceannacháin	2,639,990	339,958	258,312	287,920	1,551,177	202,623
Diúscairtí	(369,926)	(264,645)				(105,281)
Ar 31 Nollaig 2007	**41,775,823**	**23,566,871**	**2,312,794**	**4,418,388**	**10,485,871**	**991,899**
Dímheas						
Ar 1 Eanáir 2007	15,766,520	2,931,337	1,097,978	3,536,272	7,632,287	568,646
Muirear don bhliain	1,802,802	465,823	195,126	366,986	620,289	154,578
Ar Dhiúscairtí	(157,301)	(74,127)				(83,174)
Ag 31 Nollaig 2007	**17,412,021**	**3,323,033**	**1,293,104**	**3,903,258**	**8,252,576**	**640,050**
Glan-Luach de réir na leabhar						
Ag 31 Nollaig 2007	**24,363,802**	**20,243,838**	**1,019,690**	**515,130**	**2,233,295**	**351,849**
Ag 31 Nollaig 2006	**23,739,239**	**20,560,221**	**956,504**	**594,196**	**1,302,407**	**325,911**

Tógadh ceanncheathrú don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil san áit a bhfuil Eastát Chaisleán Bhaile Sheonach, Co Loch Garman, ar shuíomh a bhfuil a theideal dílsithe i dTeagasc. Tá an EPA i mbun cainteanna faoi láthair le léas fadtéarmach a fháil don suíomh seo ó Theagasc. Is iad Oifig an nOibreacha Poiblí a mhaoinigh an obair thógála ar fhoirgneamh an cheanncheathrú trí iasacht thráchtála. Maoiníonn an Ghníomhaireacht na haisíocaíochtaí bliantúla a dhéanann an OPW. Cuirtear an ghné úis de na haisíocaíochtaí a chlúdaíonn an EPA san áireamh don bhliain ina dtagann siad chun cinn. Tá an tsócmhainn agus na socruithe maoinithe bainteacha taifeadta i leabhair an EPA le substaint na n-idirbhearta bunúsacha a léiriú.

16 Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	2007 €	2006 €
Féichiúnaithe	2,968,526	2,486,839
Réamhíocaíochtaí	98,011	655,357
Réamhíocaíochtaí ar Shócmhainní Seasta	4,185,680	1,434,377
	7,252,217	**4,576,573**

Réamhíocaíochtaí ar Shócmhainní Seasta

Ar 31 Nollaig 2007 bhí réamhíocaíochtaí arb fhiú €4,185,680 iad déanta faoi mar atá leagtha amach thíos. Tá na réamhíocaíochtaí seo curtha san áireamh sna suimeanna a haistríodh ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais chuig an gCuntas Caipitil.

Inis Cara

De réir socrú le Comhairle Contae Chorcaí bhí foirgneamh á roinnt acu léi in Inis Cara, Co. Chorcaí ar feadh roinnt blianta. Rinneadar comhaontú faoi i 2003 agus ghlac an Ghníomhaireacht seilbh ar an bhfoirgneamh go léir i Márta 2008. Ba é €1,174,377 (2006 €1,174,377) an tsuim iomlán a socraíodh agus bhí an méid sin íoctha le Comhairle Contae Chorcaí ar 31 Nollaig 2007 roimh an aistirú deireanach. Glactar leis gur réamhíocaíocht í an tsuim seo agus aistreofar í chuig na sócmhainní seasta i 2008.

Réamhíocaíochtaí le hOifig na nOibreacha Poiblí

Bhí réamhíocaíochtaí de €2,850,000 (2006 €260,000) déanta le hOifig na nOibreacha Poiblí ag 31 Nollaig 2007 i leith obair athchóirithe agus forleathnú ar cheanncheathrú na Gníomhaireachta ag Eastát Chaisleán Bhaile Sheonach, Co Loch Garman. Aistreofar na suimeanna sin chuig na Sócmhainní Seasta ar chríochnú na dtionscadal.

Réamhíocaíochtaí ar Shócmhainní Seasta eile

Rinneadh réamhíocaíochtaí céime de €161,303 i 2007 le haghaidh trealamh a cuireadh ar fáil i 2008. Aistreofar na suimeanna seo chuig na Sócmhainní Seasta i 2008.

Tá airgead Féichiúnaithe dlite laistigh de bhliain amháin.

17 Creidiúnaithe agus Fabhruithe	€ **(a) Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin:**	€
Táillí Ceadúnais (féach Nóta 3)	2,311,183	865,454
Fáltais cheant ATA Iníoctha leis an Roinn C,O&RA (Féach Nóta 2(b))	517,149	5,448,380
Speansais Trádála agus eile	6,248,009	5,466,420
Tráthchodanna dlite ar cheannach Sócmhainní Seasta	368,231	347,728
	9,444,572	**12,127,982**
(b) Méideanna atá dlite tar éis níos mó ná bliain amháin:		
Tráthchodanna dlite ar cheannach Sócmhainní Seasta	2,494,583	2,748,594

18 Oibleagáidí Pinsin

(a) Scéim Pinsean

Feidhmíonn an EPA scéimeanna aoisliúntais a bhfuil sochar sainithe acu don fhoireann, agus ní mhaoinítear iad seo. Íoctar teidlíochtaí aoisliúntais faoi na scéimeanna seo ó ioncam reatha. Caighdeán Cuntasaíochta, Caighdeán Tuarascála Airgeadais Uimhir 17 – D'eisigh Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta Airgeadais Sochair Scoir (FRS 17), i Samhain 2000. Tá sé éigeantach géilleadh don chaighdeán nua ón mbliain airgeadais 2005 i leith. Tá na torthaí atá leagtha amach thíos bunaithe ar luach achtúireach na ndliteanas maidir le foireann an EPA agus iarfhoireann an Foras Forbartha amhail 31 Nollaig 2007.

Is iad seo a leanas an bonn tuisceana airgeadais a úsáideadh chun dliteanais scéime faoi FRS17 a áireamh:

Bonn Tuisceana	2007	2006	2005
Ráta lascaine	5.50%	4.75%	4.25%
Ráta méadaithe tuarastal	4.25%	4.00%	3.50%
Ráta méadaithe maidir le híocaíocht pinsean	4.25%	4.00%	3.25%
Ráta Boilscithe	2.50%	2.25%	2.00%

Ag glacadh leis an mbonn tuisceana seo, agus ag baint feidhme as modh na n-aonad réamhmheasta mar a moladh in FRS 17, measadh gurbh é Ä98.329m luach na ndliteanas pinsean fabhraithe ar 31 2007 (i gcomparáid le €98.98m ag 31 Nollaig 2006).

	2007	2006
(b) Maoiniú iarchurtha glan i gcomhair pinsean don bhliain.	€	€
Maoiniú in-aisghabhála maidir le costais phinsean na bliana reatha	8,881,000	6,724,000
Deontais Stáit feidhmithe chun pinsinéirí a íoc	(1,610,136)	(1,491,364)
	7,270,864	**5,232,636**

(c) Anailís ar chostais phinsean iomlána gearrtha ar Chaiteachas	€	€
Costas Seirbhíse Reatha	4,034,000	3,156,000
Ús ar Dhliteanais na Scéime Pinsean	4,847,000	3,568,000
Ranníocaíochtaí Fostaithe Faighte	(692,336)	(627,930)
	8,188,664	**6,096,070**

18 Oibleagáidí Pinsin (ar lean)

(d) Sócmhainn Maoinithe Iarchurtha i gcomhair Pinsean

Aithníonn an EPA gur sócmhainní a fhreagraíonn do dhliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe le haghaidh pinsean atá sna suimeanna sin ar bhunús na dtuairimí a dhéantar cur síos orthu thuas agus roinnt imeachtaí san am atá thart. Ar na himeachtaí seo tá an bunús reachtúil i gcomhair bhunú na scéimeanna aoisliúntais, agus an beartas agus cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i leith mhaoiniú phinsin seirbhíse poiblí, ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus an próiseas na meastachán bliantúil. Cé nach bhfuil aon socrú foirmiúil ann leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil maidir leis na suimeanna áirithe sin níl aon fhianaise ag an EPA nach leanfar an leis an mbeartas maoinithe sin faoi chomhair suimeanna den chineál sin de réir chleachtas reatha. Ba í €98.329milliún an tsócmhainn maoinithe iarchurtha i gcomhair pinsean ag 31 Nollaig 2007 (i gcomparáid le €98.98 milliún i 2006).

	2007	2006
(e) Gluaiseacht i nDliteanas Pinsean Glan sa bhliain airgeadais	€	€
Dliteanas Pinsean Glan ag 1 Eanáir	98,980,000	80,800,000
Costas Seirbhíse Reatha	4,034,000	3,156,000
Costais Úis	4,847,000	3,568,000
Caillteanas/(gnóthachan) achtúireach	(7,922,000)	12,947,364
Pinsin íoctha i rith na bliana	(1,610,136)	(1,491,364)
Dliteanas Pinsean Glan ag 31 Nollaig	**98,328,864**	**98,980,000**

(f) Stair na nGnóthachan agus na gCaillteanas Taithí		2007	2006
Gnóthachain/(Caillteanais) Taithí ar Dhliteanais Scéime			
	Suim (€ '000)	(583)	(9,891)
	Céatadán den luach reatha de dhliteanas na scéime	0.6%	10.0%
Iomlán gnóthachan agus caillteanas aitheanta sa Ráiteas			
	Gnóthachan /(caillteanas) achtúireach – Méid (€ '000)	7,922	(12,947)
	Céatadán den luach reatha de dhliteanas na scéime	8.1%	13.1%

19 Figiúirí Comparáideacha

Tá roinnt athruithe déanta ar an gcaoi a gcuirtear rudaí i láthair sna ráitis airgeadais agus rinneadh na figiúirí comparáideacha a athlua nuair ba ghá sin ar bhealach atá comhsheasmhach le cur i láthair na bliana reatha.

20 Leas Bhaill an Bhoird

Tá modhanna oibre maidir le teacht ar chinnidh glactha ag an nGníomhaireacht de réir an Achta um Ghníomhaireacht Caomhnú Comhshaoil, 1992, agus de réir an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus na rialúcháin a ritheadh faoi. Lean an EPA na nósanna imeachta sin i gcaitheamh na bliana.

21 Glacadh le Ráitis Airgeadais

Ghlac an Bord Stiúrthóirí leis na Ráitis Airgeadais ar 24 Meitheamh 2008.

Environmental Protection Agency
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Ceanncheathrú

Bosca Poist 3000
Eastát Chaisléan Bhaile Sheáin
Contae Loch Garman, Éire

T +353 53 916 0600
F +353 53 916 0699
E info@epa.ie
LoCall 1890 33 55 99

www.epa.ie

Cigireacht Réigiúnach
Teach Mhic Chumascaigh
Dea-Radharc, Bóthar Cluain Sceach
Baile Átha Cliath 14, Éire

T +353 1 268 0100
F +353 1 268 0199

Cigireacht Réigiúnach
Inis Cara, Contae Chorcaí, Éire

T +353 21 487 5540
F +353 21 487 5545

Cigireacht Réigiúnach
Lóiste Sevilla,
Bóthar Challainn,
Cill Chainnigh, Éire

T +353 56 779 6700
F +353 56 779 6798

Cigireacht Réigiúnach
Bóthar Shéan de Mórdha,
Caisléan an Bharraigh,
Contae Mhaigh Eo, Éire

T +353 94 904 8400
F +353 94 902 1934

Cigireacht Réigiúnach
An Gleann, Muineachán, Éire

T +353 47 77600
F +353 47 84987

Oifigí Reigiúnacha

Annabella, Mala
Co. Chorcaí, Éire
Teil: +353 22 43865

An Lárionad Cathrach
Sráid na hEaglaise, Áth Luan
Co. na hIarmhí, Éire
Teil: +353 906 475722

Coláiste Mhungairit
Muangairit, Co. Luimnigh
Éire
Teil: +353 61 227900

11 Lána Rosemount
Leitir Ceanainn
Co. Dhún na nGall, Éire
Teil: +353 74 22274

ISBN 1-84095-272-5

Clóbhuailte ar Fedrigoni Symbol Satin, páipéar cúntach don chomhshaol.